

# SCÁTHÁN

2018



IRIS GHAELGE  
OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA

Bhí comórtas scríbhneoireachta Gaeilge ar siúl do mhic léinn uile na hollscoile le linn an earraigh 2018. Comhghairdeas ó chroí leis na buaiteoirí—tá a saothar le léamh anseo san iris. Agus buíochas mór le gach duine a chuir isteach ar an gcomórtas. Bígí ag scríobh don bhliain seo chugainn!

Ár mbuíochas freisin leis na foilsitheoirí a thug urraíocht do dhuaiseanna an chomórtais i mbliana: **An tSnáthaid Mhór, Cló Iar-Chonnacht, Comhar agus Leabhar Breac.**



Tá Scáthán fíorbhuíoch de Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, as ucht maoiniú agus tacaíocht fhial a chur ar fáil don iris.

# Clár Scáthán 2018

---

3

## FÁILTE ROIMH SCÁTHÁN

Ciarán Mac Murchaidh

4

## SAOL SNA MEÁIN TRÍ GHAEILGE ATÁ UAIM

Caoimhe Ní Chathail

6

## AN EILIFINT A CHUAIGH AR STRAE

Maria Mannion

7

## HAICEATÓN HEInnovate 2018

Karl Preston

8

## AN CUMANN GAELACH 2017–2018

Alison Spillane

10

## AN tÁDH DEARG / AN CHALÓG SNEACHTA

Caoimhe Ní Chonghaile

11

## MÓRTAS CINE

Dairena Ní Chinnéide

12

## LIOS NA CRUTHAITHEACHTA

Dairena Ní Chinnéide

14

## AN LEIGHEAS

John Conlon

16

## AN GHAEILGE SA 21ú hAOIS

Alison Spillane

17

## MÍCHEÁL Ó MUIRCHEARTAIGH: 'GUTH NA gCLUICHÍ GAELACHA'

Conchúr Ó Sé

19

## SAOL AN FHILE

Caitriona Ní Chléirchín

21

## BRIAN MacUAID: RENAISSANCE NA GAELIGE I LIOS DARACH

Maitiú MacUaid

23

## LOCUS

Colm Ó Foghlú

24

## AN SCÁTH / ADRIAN / SOILSE NA NOLLAG / BREATHNAÍM ORT

Patrick Nolan / Sarah Higgins / Iarla  
Ó Muirthile / Darragh Lenehan

25

## AN TOBAR DRAÍOCHTA

Elsa Ní Ghríofa

26

## EMMA SA GHAI RDÍN

Alex Butler

27

## DORN AMHÁIN

Seán Ó Nualláin

28

## AN SCÚNC CRÓGA

Emma Ferguson

29

## AG INSINT SCÉALTA DON GHEALACH... AGUS DO PHÁISTÍ

Caoimhe Nic Lochlainn

30

## AN TUAR CEATHA

Nadine Ní Liatháin

31

## AN GIORRIA GORM / OÍCHE MHAITH, A STÓR

Jackie Gorman / Donna Treleven

33

## MOLAIM DUIT

Máirtín McDonnell

32

## AG TAISTEAL CHUIG AN OLLSCOIL

Emmeline Ní Mháille

34

## AISTEAR SOIR

Helen Hickson

35

## M'FHATHACH CAOIN FOIGHNEACH FÉIN

Lauren Walsh

36

## SLIOCHT AS FADÓ RIAMH

Áine Ní Ghlinn

# SCÁTHÁN 2018



**Fáilte ar Líne:** Sheol an tAire Stáit, an tUas. Joe McHugh TD, an chéad Ollchúrsa Oscailte ar Líne (MOOC) de chuid Fiontar & Scoil na Gaeilge i mí Eanáir 2018. Faigh an scéal iomlán faoin tionscnamh suntasach seo ar [www.scathan.ie](http://www.scathan.ie).

## Coiste eagarthóireachta

Caitriona Ní Chléirchín  
Caoimhe Nic Lochlainn  
Dairena Ní Chinnéide

## Dearadh agus maisiú

Ronan Doherty

## Íomhá chlúdaigh

'Taobh Bhaile Dháith' le  
Dairena Ní Chinnéide

## Scríbhneoirí

Is iad mic léinn, iarmhíic léinn agus foireann reatha Ollscoil Chathair Bhaile Cliath a scríobh na míreanna san iris seo. Luaitear cúrsa agus bliainghrúpa na mac léinn idir lúbíní nuair is cuí.

## Buíochas

Ciarán Mac Murchaidh, foireann Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dara de Poire agus Jack Lenihan.

## Teagmháil

Rphost: [iris.scathan@dcu.ie](mailto:iris.scathan@dcu.ie)  
Gréasán: [www.scathan.ie](http://www.scathan.ie)  
Facebook: Scáthán DCU

© Scáthán 2018

Ní gá gurb ionann na tuairimí a nochtar anseo agus tuairimí choiste eagarthóireachta *Scáthán* ná tuairimí aon bhaill foirne de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



**'Ar an imeall i lár an domhain?':** I lár Mheán Fómhair 2017, d'fhreastail baill foirne de chuid Fiontar & Scoil na Gaeilge ar chomhdháil stairiúil idirnáisiúnta ar léann agus litríocht na Gaeilge in Ollscoil Shéarlais, Prág, Poblacht na Seice. Léigh cuntas ar an imeacht ar [www.scathan.ie](http://www.scathan.ie).



**Dúchas.ie:** Bronnadh gradam Eir Spider ar an suíomh dúchas.ie, atá á fhorbairt ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, i gcomhpháirt le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD, i mí na Nollag 2017. Fógraíodh an mhí chéanna go bhfuair an bunbhailiúchán atá á dhigitiú ag an tionscnamh aitheantas UNESCO. Tá an scéal le fáil ina iomlán ar [www.scathan.ie](http://www.scathan.ie).

# RÉAMHRÁ



FOCAIL LE  
**CIARÁN MAC MURCHADH**  
(CEANN SCOILE, FSG)

Is deas liom go mór fáiltiú roimh eagrán 2018 d'iris Ghaeilge na mac léinn, *Scáthán*. Cúis bhróid do phobal na hOllscoile uilig go bhfuil a leithéid ann agus go gcuireann na mic léinn féin an oiread sin spéise ann. Bhí baill foirne as Fiontar & Scoil na Gaeilge ar an Choiste Eagarthóireachta arís i mbliana agus chuaigh idir mhic léinn agus bhail foirne i mbun pinn le scéalta, dánta agus ailt a scríobh don iris. Taithí an-luachmhar atá ann bheith rannpháirteach san obair sin de bhrí nach bhfuil a sárú ar fáil mar oiliúint ar cheird na scríbhneoireachta agus ar ghnó an fhoilsithe—dhá réimse a bhfuil mic léinn Fiontar & Scoil na Gaeilge, go háirithe, breá cleachtach orthu.

Ó bunaíodh Fiontar & Scoil na Gaeilge ar theacht i bhfeidhm don Ionchorprú beagnach dhá bhliain ó shin i mí Mheán Fómhair 2016, tá an t-uafás athruithe tar éis tarlú. Tá an Scoil lonnaithe i gceart-lár Theach na Sinsear ar Champas na Naomh Uile agus bímid ag feidhmiú go gníomhach ar an champas sin agus ar Champas Phádraig. Bíonn léachtaí, seimineáir, seisiúin taighde, ócáidí Gaeilge agus imeachtaí cultúrtha eile ar siúl faoinár stiúir agus bíonn comhoibriú iontach ar siúl againn lenár gcomhghleacaithe eile san Ollscoil, e.g. an Institiúid Oideachais agus Oifig na Gaeilge. Is minic a iarrtar ar mhic léinn dár gcuid agus ar fhoireann na Scoile páirt a ghlacadh in imeachtaí ar fud na hOllscoile. Bímid ag tacú le hócáidí ceiliúrtha de gach cineál—*Anam* an ceann is déanaí—

imeacht a raibh lámh fhoireann Fiontar & Scoil na Gaeilge le brath go láidir air, agus tá na nascanna le Scoileanna eile—Scoil na Diagachta, na Fealsúnachta agus an Cheoil, mar shampla—ag dul ó neart go neart, dá bhrí sin.

Léiriú follasach ar an chomhghuaillíocht sin ar fad is ea *Scáthán*, dar liom. Is ar leathanaigh na hirise fad-bhunaithe seo a fheicfear scoth na scríbhneoireachta agus na tuairimíochta as Gaeilge atá i ndiaidh teacht as cleite na scríbhneoirí atá anseo. Ba mhaith liom féin buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine ar fad atá tar éis plé le heagrú agus le foilsiú na hirise i mbliana: Caoimhe Nic Lochlainn agus Caitriona Ní Chléirchín, agus Scríbhneoir Cónaithe na hOllscoile, Dairena Ní Chinnéide, atá tar éis treoir chiúin, stuama a chur ar fáil ar feadh na slí dóibh siúd a raibh baint ar bith acu le heagrán 2018 a phleanáil, a ullmhú agus a réiteach don chló. Mar a dúirt mé anuraidh, feicfidh duine ar bith a amharcafaidh ar an iris seo go bhfuil saol na mac léinn in DCU chomh bisiúil, éagsúil, suimiúil, spreagúil agus a bhí riamh agus go bhfuil glúin óg inár measc atá sásta lóchrann na Gaeilge a iompar ar aghaidh go muiníneach. Ba mhaith liom saothar agus paisean an choiste eagarthóireachta agus na scríbhneoirí go léir—idir fhoireann agus mhic léinn—a thréaslú leo agus guím gach rath ar an iris i mbliana. Go maire sibh uilig bhur saothar!

# SAOLSNA MEÁIN

# TRÍ GHAeilGE



# ATÁ UAIM

ALT LE  
CAOIMHE NÍ CHATHAIL (CÉIMÍ, FSG)

Fuair mise pointí arda i m'Ardeist. D'oibrigh mé go crua agus d'éirigh go maith liom.

Dá bharr sin, chuir an cheist orm go mion minic, "Cad chuige an dtabharfá faoin iriseoireacht? Cad chuige nach mbeifeá i do dhochtúir le torthaí mar sin?"

"Mar gheall," a dúirt mé, "nach bhfuil suim ar bith agam a bheith i mo dhochtúir. Ba mhaith liomsa a bheith i m'iriseoir agus sin é."

Caithfidh mé a admháil gur chuir sé frustrachas orm nár thuig daoine go raibh mé ag iarraidh rud éigin a dhéanamh a mbeadh dúil agam ann, agus ní rud mar gheall go raibh mé i ndiaidh torthaí maithe a fháil.

Bhí gairm sna meáin uaim ó bhí mé beag. Bhí dúil agam i gcónaí i ndaoine, in insint scéalta, i gcur i láthair agus thiocthadh leat a rá go raibh mé rud beag fiosrach...

Faoi láthair, is fíriseoir mé leis an suíomh nuachta meoneile.ie i mBéal Feirste agus is tuairisceoir mé le Nuacht RTÉ agus TG4 i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Ach ní sin amháin atá idir lámha agam.

Is iontach an rud é éagsúlacht na meán agus is rud é a bhí tarraingteach dom i gcónaí. Nach méanar dom go bhfuil an oiread deiseanna os mo chomhair? Nach iontach é nach gcaithim mo lá os comhair ríomhaire in oifig (ach amháin nuair atá eagarthóireacht le déanamh agam...) ach go mbím amuigh ag bualadh le daoine agus ag insint na scéalta s'acu?



Nach bhfuil an t-ádh orm go dtig liom a bheith cruthaitheach agus féith na fiosracha a chur ag obair?

Tá an oiread sin ar siúl agam. Bím le cloisteáil go minic ar Raidió na Gaeltachta, is físbhlagálaí mé le BBC Gaeilge, tá clár ceoil agus cainte agam ar Raidió Fáilte agus tá neart eile ag tarlú i rith an ama. Níl aon lá cosúil leis an chéad cheann eile.

Sin a bhí uaim nuair a phioc mé an cúrsa 'Gaeilge agus Iriseoireacht' in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I rith na dtrí bliana a chaith mé i DCU, bhain mé sult go háirithe as na ranganna praiticiúla a bhí agam. Bhí réimse leathan ábhar mar chuid den chúrsa agus mhothaigh mé gur céim fhiúntach a bhí ann.

D'fhág mé an ollscoil agus mhothaigh mé go raibh mé réidh don domhan mór. Sin mar gheall ar chaighdeán an chúrsa agus ar na deiseanna sa bhreis a thapaigh mé. Achan rud ó MPS, go DCUfm, go dtí an Cumann Gaelach, go cláir ar Raidió na Life agus cainéil YouTube. Chinn mé triail a bhaint as ach an rud agus is cinnte gur chuidigh sé uilig liom poist a fháil.

D'oibrigh mé go crua ar an ollscoil, ag fáil an oiread taithí agus a thiocthadh liom a fháil. Ach nuair atá dúil agat i rud, oibreoidh tú go crua. B'shin a spreag mé agus sin a spreagann go fóill mé.

Is cinnte nach bhfuil ach an lá sna meáin ar dóigh. Bíonn drochlaethanta ann, bíonn uaireanta nach n-oibríonn scéalta amach, bíonn laethanta nach dtig fiú smaoinemh ar scéal nó ar ábhar



spéisiúil! Sin mar a bhíonn in ach an ghné den saol is dócha.

Den chuid is mó, áfach, bainim sult agus tairbhe as an saol sna meáin, na meáin Ghaeilge go háirithe.

Tá pobal na Gaeilge ar dóigh, b'fhéidir go dtiocfadh a rá go bhfuil mé claonta ach tá rud éigin speisialta faoin phobal seo. Tá sé mar phribhléid domsa a bheith ag obair i measc an phobail sin ach an lá.

Nuair a bhog mé go Béal Feirste bhí a fhios agam go raibh rudaí iontacha ag tarlú maidir le hathbheochan na Gaeilge. Ach níor thuig mé i ndáiríre cé chomh bríomhar agus a bhí an pobal sin go dtí go raibh mé i mo chónaí ina measc.

Tá beocht, fuinneamh agus díograis spreagúil i measc mhuintir na Gaeilge ó thuaidh. Is streachailt mhór í dul chun cinn na Gaeilge ó thuaidh leis an oiread bac atá ann, ach is troid í go bhfuil Gaeilgeoirí an Tuaiscirt breá cleachtaithe léi.

Bím spreagtha ach an lá ag obair ina measc agus tá an t-ádh orm a bheith in ann na scéalta s'acu a insint, na feachtais s'acu a phoibliú agus bualadh le cuid de na daoine is iontaí ar domhain.

Bhí a fhios agam gur saol sna meáin Ghaeilge a bhí uaim agus mé i mbun na hArdeiste agus tá lúcháir orm gur thuig mé sin ón tús. Sna meáin bíonn an post deacair, strusmhar, lán brú ach bíonn sé éagsúil, bríomhar, spreagúil, corraitheach fosta...

Cá bhfios caidé atá os mo chomhair sna meáin Ghaeilge ach tá mé ag súil leis ar fad!




# An eilifint a chuaigh ar strae



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE  
**MARIA MANNION**  
(MGO1)



**BUAITEOIR**  
SCÉAL DO PHÁISTÍ  
*Urraithe ag An tSnáthaid Mhór*



Bhí ainmhithe sa zú ag ligean a scíthe. Bhí an leon ina chodladh faoin gcrann mór. Bhí na moncaithe ina luí sna crainn agus brionglóidí deasa acu. Bhí na piongainí ag snámh go leisciúil sa loch. Istigh i gclós na n-eilifintí, áfach, bhí ainmhí ann nach raibh sásta ar chor ar bith.

“Ní maith liomsa dul a chodladh,” arsa an eilifint bheag. “B’fhearr liomsa a bheith ag súgradh!”

Ach ní raibh aon eilifint bheag eile sa zú. Ní raibh duine ar bith ann chun súgradh léi. Bhí na heilifintí móra ina seasamh sa chúinne le chéile in aice an bhalla agus iad ina suan codlata. An eilifint bheag bhocht! Bhí leadrán uafásach uirthi. Eilifint éirimíúil a bhí inti, áfach, agus bhí plean aici.

Chomh ciúin le luch, shiúil sí ar a barraicíní suas ar dhroim a máthar. Bhí eagla uirthi nuair a d’fhéach sí síos ach dhún sí a súile. Léim sí! Suas... suas... thar an mballa agus le tiomp—síos ar an talamh. Nach raibh an eilifint sásta ansin! Ar aghaidh léi ag siúl agus cuma an-sásta uirthi.

Tar éis tamaill, bhuail sí le buachaill óg a bhí ina sheasamh ag féachaint ar an leon. Bhí sé ag ithe uachtar reoite buí faoi bhlas banana. Daithí darb ainm don bhuachaill sin agus bhí ionadh air an eilifint a fheiceáil.

“A Eilifint!” a dúirt sé. “An bhfuil tú ar strae?”

Bhí an eilifint an-tógtha le huachtar reoite Dhaithí. Bhí ocras uirthi. Rug sí ar an uachtar reoite agus d’ith sí go tapaidh é. GLUUMPP! Ó, bhí sé fuar! Ó, bhí sé milis! Thaitin sé go mór léi.

Lean sí ar aghaidh ag siúl. Bhí daoine ina seasamh i líne ag fanacht ar bhus. Sheas an eilifint bheag sa líne leo agus tar éis cúpla nóiméad, tháinig an bus.

“Ní fhaca mé riamh eilifint ar bhus!” arsa seanbhean áirithe ag deasú a cuid speaclaí ar a srón.

Shuigh an eilifint in aice le cailín óg. Cad a bhí ina lámh aici ach uachtar reoite! Uachtar reoite oráiste an uair seo. GLUMMP! Ó, bhí sé fuar! Ó, bhí sé milis! Thaitin an t-uachtar reoite oráiste go mór léi. Thosaigh an cailín ag caoineadh agus dheifrigh an eilifint ón mbus.

Bhí buachaillí ag imirt peile sa pháirc in aice le stad an bhus.

“Is aoibhinn liom a bheith ag súgradh le liathróidí!” arsa an eilifint bheag.

Rug sí ar an liathróid agus thosaigh sí ag rith chomh tapa is a bhí sí in ann go dtí an taobh eile den pháirc. Thosaigh na buachaillí ag fach i ndiaidh na heilifinte ach bhí sí níos tapúla.

“Cúl!” a bhéic sí go gaisciúil.

“Cúl!” a bhéic leath de na buachaillí agus iad ag bualadh bosa go gliondrach.

Thaitin peil go mór leis an eilifint. Ach ní raibh áthas ar na buachaillí go léir.

“Tabhair dom an liathróid!” arsa an fhoireann eile. “Níl cead agat rudaí a ghoid!”

Bhí cuma fheargach orthu agus tháinig eagla ar an eilifint bheag. Chas sí timpeall agus rith sí léi.

Bhí tuirse uirthi anois agus bhí sí stiúgtha leis an ocras. Ní raibh a fhios aici cén áit a raibh sí. Thosaigh sí ag caoineadh.

“Tá mo Mhamaí uaim,” arsa an eilifint bhocht.

Go tobann, chuala sí torann a d’aithin sí.

HRMPPPPPHHHH!

HRMPPPPPHHHH!

D’aithin sí an glór sin.

“A Mhamaí!” a ghlaoih sí. “Tá mé ag teacht!”

HRMMPPPHHHHH!

HRMMPPPHHHHH!

Rith sí i dtreo an torainn! Ar ais... ar ais... ar ais go dtí an zú.

Bhí ionadh ar choimeádaí an zú nuair a chonaic sé an eilifint bheag ina seasamh i líne chun dul isteach sa zú.

“An ndeachaigh tú ar strae?” a d’fhiafraigh sé di. “Bhí do Mhamaí bhocht buartha fút!”

Lig Mamaí Eilifint osna faoisimh aisti nuair a bhí an eilifint bheag ar ais sa chlós léi. Bhí an eilifint bheag sona sásta an oíche sin chun dul a chodladh.



# Haiceatón HEInnovate 2018— Bhí DCU ann!



CUNTAS LE  
KARL PRESTON (GG4)

Bhí me díreach críochnaithe mo bhabhta leathdheireanach scrúduithe i mí Eanáir agus mé i mbliain na céime nuair a d'oscail mé ríomhphost ó mo léachtóir Fiontraíochta & Forbairt Gnó, an Dr Emer Ní Bhrádaigh. Bhí orm iarratas a líonadh isteach agus mé féin a chur i gcomórtas le mic léinn eile de chuid DCU chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hollscoile ag ócáid HEInnovate sa Bhrúiséal. Bhí an chomhdháil dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar fhiontraíocht agus nuálaíocht sna hinstitiúidí oideachais timpeall na hEorpa, ábhar a bhfuil suim mhór agam ann. Chuir Emer m'ainm ar aghaidh chuig an OECD agus Coimisiún na hEorpa, in éineacht le cúpla mac léinn eile de chuid DCU a rinne iarratas chomh maith. Roghnaigh an OECD agus Coimisiún na hEorpa mise chun freastal ar an ócáid sa Bhrúiséal ar an 26 Feabhra! Bhí mé ar dhuine de na 30 mac léinn ó gach cúinne den Eoraip a bheadh ag glacadh páirt sa haiceatón.

Ní raibh aon taithí agam ar pháirt a ghlacadh i gcomhdháil cosúil leis seo roimhe, mar sin ní raibh cliú dá laghad agam cad a bheadh ar siúl agam. Thuig mé go mbeinn páirteach i haiceatón dírithe ar fhiontraíocht agus nuálaíocht a fhorbairt sna hinstitiúidí oideachais. Seachas an easpa tuisceana seo, bhí mé ag tnúth go mór leis an ócáid!

Nuair a bhí mé ag pacáil mo bhagáiste an lá sular thaistil mé, níor thuig mé cé chomh fada a bheinn sa Bhrúiséal... De ghnáth bíonn an iomarca éadaí pacáilte agam, ach an uair seo bhí mé ullmhaithe do na trí lá sa Bhrúiséal. Bhuel, níor shíl mé go mbeinn sáinnithe sa Bhrúiseal ar feadh seachtaine!

Nuair a shroich muid an Bhrúiséal, bhuail mé leis na mic léinn eile as Éirinn. Sheiceáil mé isteach i mo sheomra agus bhuail mé le Chris a bhí ag déanamh ionadaíochta ar DKIT. Bhí dinnéar eagraithe leis na mic léinn eile ón Eoraip agus cuireadh muid i bhfoirne

seisear. Phléigh muid agus d'aithin muid na fadhbanna agus na deiseanna atá againn chun forbairt a dhéanamh ar fhiontraíocht agus nuálaíocht sna hinstitiúidí oideachais.

An lá dár gcionn, thosaigh an haiceatón agus d'oibrigh muid ar feadh níos mó ná 12 uair an chloig. An phríomhaidhm a bhí againn ná réiteach a fhorbairt ar fhadhb chomónta a bhí ag gach ball dár bhfoireann. Bhí sé iontach suimiúil chun fadhbanna comónta a aithint ó institiúidí oideachais i sé thír éagsúla—Éire, An Phortaingéil, An Iodáil, An Ghearmáin, An Ísiltír agus an Bheilg.



Dhírigh muid ar an easpa tionscadal fíorshaoil agus ar thascanna le taithí phraiticiúil a réiteach. D'aontaigh muid go raibh tionscadail fhicseanúla mí-éifeachtach agus go mbeadh tionscadal fíorshaoil níos fearr. An réiteach a bhí againn ná caidreamh a chruthú idir comhlachtaí agus na hinstiúidí ionas gur féidir leis na mic léinn tionscadal a dhéanamh ar son na gcomhlachtaí in ionad tionscadal ficseanúil a dhéanamh. D'aontaigh muid chomh maith go mbeadh an obair seo níos spreagúla do na mic léinn agus go mbeidh scileanna praiticiúla á bhforbairt acu. Chuir muid ár gcuid tuairimí in iúl don lucht féachana agus do na moltóirí agus faoi dheireadh bhuaigh ár bhfoireann an duais don fhoireann is fearr sa haiceatón!

Ag an am céanna agus a bhí na cuir i láthair ar siúl Dé Céadaoin, tháinig brat sneachta síos ar oirthear na hÉireann. Cuireadh ár n-eitilt ar ceal agus bhí muid sáinnithe sa Bhruiséil! Lá i ndiaidh lae, chur muid eitilt nua in áirithe agus cuireadh ar ceal iad arís agus arís eile. Níor tháinig mé abhaile go dtí Dé Domhnaigh, ceithre lá níos déanaí ná mar a bhí pleanáilte!

Táithí den scoth a bhí ann ach is gá dom an fhírinne a insint, ní fhillfidh mé ar an mBruiséil go ceann tamaill eile!



**DÉ MÁIRT**  
14/11/2017

**10:00**  
Gaeilge24 Launch on DCUfm

**11:00 - 12:30**  
Club Comhrá Mór!  
Campas Glas Naoin

**13:00**  
Tae agus Plé & Seisiún sa Seomra Caidrimh  
Campas Naomh Pádraig

**14:00**  
Feachtas Balla na Gaeilge  
Campas Naomh Pádraig

**19:45**  
Cluiche Peile Éire v An Danmhairg

**#BíBeoBíGaelach**



Grianghraif ó HEInnovate:  
Emer Ní Bhrádaigh



# AN CUMANN GAELACH 2017-2018



ALT LE  
ALISON SPILLANE (GI3)

Tá bliain iontach gnóthach faoi lán seoil ag Cumann Gaelach DCU le níos mó ná 300 ball i mbliana. Cuireadh tús breá leis an mbliain le coiste nua tofa ag an gcrúinniú cinn bhliana agus ó shin tá an-chuid oibre déanta acu uilig.

Chun fáilte a chuir roimh na baill nua bhí ár bPop-Up Gaeltacht féin againn i Nubar i Meán Fómhair agus cóisir phíotsa an mhaidin ina dhiaidh le cabhrú leis an bpóit.

Ó shin i leith bhí clár imeachtaí lán againn. Gach seachtain bíonn Tae agus Plé ar siúl am lóin ar an Máirt sa Seomra Caidrimh ar Champas Phádraig. Chomh maith leis sin, bíonn Club Comhrá againn Déardaoin sa LangCulture Space ar champas Ghlas Naíon. Bíonn tae, briosaí agus neart cainte ar feadh uaire. Bíonn fáilte roimh chuile dhuine ann idir ghlantosaiteoirí agus chainteoirí líofa. Is deis iontach é do chuid Gaeilge a úsáid agus bualadh le daoine i suíomh neamhfhoirmiúil réchúiseach.

I mí Dheireadh Fómhair ghlac baill den chumann páirt in Comhrá '17. Bhailigh siad le chéile i dteach Áine agus d'fhan siad ina suí ar feadh na hoíche ag caint agus ag comhrá lena chéile fad is a bhí siad beo ar líne. Bhí an-chraic acu agus an t-ádh leo go raibh léachtaí ar ceal an lá dár gcionn de bharr stoirm Ophelia!

I gcomhpáirt le hAontas na Mac Léinn agus an tOifigeach Gaeilge bhí sraith ranganna íoga sa Seomra Caidrimh le Jenny Ní Ruiséil. B'iontach an deis do scíth a ligint agus aclaíocht a dhéanamh i ndiaidh lae gnóthaigh.

Ba é buaicphointe na bliana go dtí seo ná turas chuig an Oireachtas. Le linn na seachtaine léitheoireachta chuaigh thart ar chaoga ball síos go Cill Airne don fhéile bhliantúil. Bhí spórt agus spraoi thar insint scéil acu idir Oíche na Mac Léinn leis na Cumainn Ghaelacha ó na

hOllscoileanna eile agus cóisir mhór sa Chlub ar an Satharn. Bhí póit ar níos mó ná duine amháin ar an mbus abhaile.

Bhí gach duine ar ais ar a seanléim le haghaidh Gaeilge24 an tseachtain ina dhiaidh sin. Bhí lá gnóthach idir an dá champas ar feadh an lae idir DCUfm Takeover, balla Gaeilge, Tae agus Plé, club comhrá agus oíche ag féachaint ar chluiche sacair le cannaí. De bharr na n-imeachtaí iontacha a bhí ar siúl don lá, bronnadh Cumann na Seachtaine ar an gCumann Gaelach an tseachtain sin.

Roimh an Nollaig bhí an chéad oíche scannánaíochta ar siúl. *Young Offenders* a bhí á thaispeáint agus bhí go leor *treats* agus píotsa ann. Leanadh leis an traidisiún chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá San Vailintín sa dara seimeastar freisin.

Le seoladh Bliain na Gaeilge bhí *buzz* iontach sa chumann tar éis na Nollag. Cuireadh tús leis na ranganna ar an dá champas. Bíonn ranganna seachtainiúla do ghlantosaiteoirí ar champas Ghlas Naíon agus cinn dírithe ar an scrúdú cainte ar Champas Phádraig.

Cuireadh an-bhéim i mbliana ar na meáin shóisialta chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí feachtas SnapChat ag tús na bliana le Takeover leis an gcoiste. Gach lá bhí duine i gceannas ar an gcuntas agus bhí orthu iad féin a chur in aithne. Sár-snapadóirí a bhí ann idir vlagadóirí agus blagadóirí. Roimh an Nollaig bhí 12 lá Nollag againn ar Facebook agus focal an lae á scaipeadh ann freisin. Chun comhaireamh síos go Lá San Vailintín, bhí Madraí na nGael ar Instagram. Gach lá ar feadh 10 lá bhí madraí éigean gleoite ag lorg grá.

Tá an phleanáil tosaithe anois do Viva la Gaeilge, do Sheachtain na Gaeilge 2018 agus BEO, an mórshiúl ar son na teanga atá ar siúl ar an 3 Márta. Tá go leor imeachtaí ar siúl sna seachtainí romhainn roimh dheireadh na bliana idir ranganna Zumba Gaelacha, aoi-chainteoirí spéisiúla, turas chuig an bPop-Up sa chathair agus go leor leor eile.



# An tÁdh Dearg

An mbeidh an t-ádh liom an geábh seo?  
an bhfanfaidh cúrsaí mar atá?  
nó an athróidh an tslat seo  
mo shaolsa go brách?

An bhfágfaidh mé an seomra  
le meáchan ag eitilt ó mo ghuaillí?  
nó an bhfanfaidh mé faoi ghlas ann  
ciaptha ag faitíos agus imní?

An ngabhfaidh mé amach anocht  
ag ceiliúradh le cairde?  
nó an bplúchfaidh mé an toradh  
le huisce fiuchta agus vadca?

Guím chun na bhFlaitheas  
le cloigeann idir lámha  
go scaoilfidh Dia liom an uair seo  
agus nach mbronnfar orm páiste.

Geallaim go smior  
agus mé ar shuíochán an leithris  
a bheith níos ciallmhaire sa todhchaí  
agus gan a bheith leithleach.

Ní ghabhfaidh mé sa tseans arís  
agus glacfaidh mé freagracht  
má bheannaítear anois orm  
an t-ádh dearg.

## An Chalóg Shneachta


Is go bog agus go héadrom a thagann siad  
ag glioscarnach mar a bheadh líontán seaca dhamháin alla

Ní mhaireann siad ach seal ach is cuma sin le daoine  
baineann siad áthas agus iontas as tréimhse ghearr ina dtimpeall

Imíonn siad i léig nuair a bhuaileann siad an talamh  
locháin bhídeacha uisce cruthaithe gan chás ná cathú

Ní radharc iad a fheictear go forleathan nó go minic  
ach in ealaín pháistí bunscoile bunaithe ar an ngeimhreadh...

Sin is ‘calóg shneachta’ ann ar deireadh  
ní duine óg le hoideachas a fuair an deis a mbuanna a chleachtadh  
atá ag freastal ar an ollscoil agus ag obair go páirt-aimseartha ag an deireadh  
seachtaine  
agus ag déanamh a seacht ndíchill saoirse a chruthú do Mhama agus Deaide  
cé go bhfuil siad go mór ag sracadh agus ag streachailt  
le domhan atá éiginnte agus báite i bhféin-íomhá, fadhbanna airgeadais, idirlín,  
fostaíochta, tithíochta, sóisialta agus polaitíochta



DÁNTA LE  
CAOIMHE  
NÍ CHONGHAILE (BOid3)



BUAITEOIR  
FILÍOCHT  
Urraithe ag *Cló Iar-Chonnacht*

# Mórtas Cine

in ómós d'Uachtarán na hÉireann,  
Mícheál D. Ó hUiginn  
*Scoil Cheoil an Earraigh 2018*

Léim thar lios an anama  
cruinn díreach go cuisle an cheoil  
crosaire ár gcinniúna

scoite ar imeall an domhain  
mar a éiríonn gothaí na dtonn  
ar dhroim faille

siúd a mhaireann Duibhnigh  
ginealaigh greanta sa chré  
dúchas na daonnachta

seineann siotaí gaoithe poirt  
ar shleasaibh sléibhe  
ceol sa chaint

gol leis an ngoltraí  
gáir leis an ngeantraí  
séimh leis an suantraí

guthanna ársa  
tráthnóintí uaigneacha  
mar a bheadh púcaí ár sinsear

glúin óg úr álainn  
ag cur snas ar a gcroíthe  
le cuisle ceirde

fáiltítear roimis an gcuaríteoir  
meallann gach corr bóthair radharc  
a bhainfeadh anáil asat

sinne pobal na cruinne  
ár dteanga níos binne  
ná an stoirm

gan filíocht ón bhfón póca  
gan gátar le *googleáil*  
gan ardán sóisialta ach stáitse

dár nguth imeallach  
ag ragairne ainneoin aimsire  
ag spraoi is ag athshealbhú, mar a  
bheadh scoil cheoil.

Grianghraf:  
Uachtarán na hÉireann, Mícheál D.  
Ó hUiginn, agus an file, Dairena Ní  
Chinnéide, le linn Scoil Cheoil an  
Earraigh 2018 i gCorca Dhuibhne, Ciarraí



# Lios na Cruthaitheachta

DAIRENA NÍ CHINNÉIDE  
SCRÍBHNEOIR CÓNATHE GAEILGE DCU 2017-18

Is mé óg, léimeas isteach i mbaclainn an leasa. Lios na leabhar. Leabhair mo shúile is mo thuiscint. D'éistíos le glór na habhann agus in áit an bhric, bhí sruthán i dtreo droichead na scríbhneoireachta. D'oscail an léitheoireacht agus na haistí scoile, cruthaitheacht na bhfocal ionam. Bliain na hArdeiste ní raibh cnámh ionam nár theastaigh uaithi dul amach sa tsaol.

Teilgeadh lá i 1986 mé go leabharlann champas Ghlas Naíon i DCU don 'orientation' ar an gcéad lá. Bhí leabhar dar teideal *The World According to Garp*

le John Irving agamsa im lámh fé mar a tharla sé agus faoina spící poncacha dubh-chorcra, dhein an cailín eile trasna uaim gáire, is d'ardaigh sí cóip de *Zen & the Art of Motorcycle Maintenance* le Robert M. Pirsig im threo. Bhíos i measc cairde. Bhí intleachtaí géara ag gach uile dhuine sa rang sin.

Is ar éigean a bhíos seacht mbliana déag ag tosnú ag déanamh staidéir ar Léann na Cumarsáide i DCU i bhfad siar agus bhí mo chéim agam nuair a bhíos naoi mbliana déag. Tar éis don tráchtas bheith curtha isteach agam, thosnaíos

im chéad phost: Oifigeach Caidrimh Poiblí le Slógadh & Gael-Linn. B'iontach an rud é. B'iontach an dream a bhí mar chomrádaithe oibre agam. Bhíos tar éis suim a chur san iriseoireacht. Thosnaíos ag obair sa pháipéar nuachta Gaolainne *ANOIS* nuair a bhíos fós im mhac léinn. Ba é DCU a mhol an taithí oibre mar chuid de riachtanais na céime. Bhíos ag foghlaim is bhíos ag scríobh as Gaolainn! Ní raibh mórán Gaolainne le brath i DCU le linn mo thréimhse ann. Tá sé go hiontach go bhfuil borradh tagtha ar an nGaolainn anseo anois. Tógann sé pobal

toilteanach. Ní dóigh liom go raibh post dár dheineas riamh nach raibh baint ag an nGaolainn leis.

Thosnaíos mar iriseoir nuachta i gCiarraí le Radio Kerry bliain ina dhiaidh sin is ansan thógas baoth-léim go dtí an chéad stáisiún raidió náisiúnta neamhspleách oifigiúil in Éirinn—Century Radio i mBaile Átha Cliath, tar éis cuireadh agus agallamh leis an gceannasaí nuachta géarchúiseach, David Davin Power. 'Sé an t-iriseoir clúiteach Paddy Clancy a chuir smacht orm is a mhúin oiread sin dom maidir le hiriseoireacht agus le cúrsaí iriseoireachta raidió ach go háirithe.

Bhíos ann gur léigh mé an nuacht dheireanach ar an stáisiún, a dhún go tobann is a d'fhág an fhoireann amuigh gan post. As san go dtí an 'dole queue' i lár na cathrach go dtí ar deireadh go bhfuair eas smutacha do phostanna iriseoireachta leis an *Irish Times* agus RTÉ agus Raidió na Gaeltachta.

Mhúin mo thréimhse im mhac léinn dom i DCU conas mé fhéin a chur in iúl.

M'intinn a chur ag obair. An sásamh agus an dua a bhaineann le taighde, aistí, scrúduithe agus cur i gcrích tionscnamh praiticiúil. Tá rian an léinn sin fós im cheann. Teangeolaíocht, Sochtheangeolaíocht, Síceolaíocht, Staidéar na Meán Cumarsáide, Cumarsáid Idirnáisiúnta agus an ceann ba dheacra is ba dhúshlánaí, Teoiric na Cumarsáide. B'iad na blianta ba luachmhaire agus ba thaitneamhaí a bhí riamh agam is dóigh liom.

Ach thosnaíos ag léamh ag an am sin mar ba ghnách liom—leabhair nach raibh baint dá laghad acu leis an staidéar oifigiúil. Bhí an scríbhneoir inmheánach ag siúl na sráideanna go dtí na siopaí leabhar agus ag ceannach

leabhar dara láimhe ar fhilíocht agus fealsúnacht na Fraince agus litríocht idirnáisiúnta i gcoitinne. Bhláthaigh an neamhspleáchas intleachtúil ionam sna blianta sin agus d'fhan an fhéith neamhspleách sin ionam riamh. Cé a chreidfeadh go mbeinn thar nais mar chuid d'fhoireann na hollscoile breis agus tríocha bliain ina dhiaidh? An bus céanna, ach toirt na hollscoile méadaithe chomh mór san nach raibh aithne agam uirthi. Táim anso mar Scríbhneoir Cónaithe Gaolainne go deireadh na bliana acadúla.

Cá luíonn an chruthaitheacht ionainn inniu san ollscoil agus sa saol



Grianghraf: Dairena Ní Chinnéide

mór? An é go bhfuil oiread sin béime ar mharcanna agus scrúduithe nach bhfuilimid ag tógaint sos ón saol lenar méirchláranna, ár bhfónanna póca is an sciath is láidre ar fad—peann agus páipéar—chun sinn féin a chur in iúl. Chun bheith go hiomlán istigh linn féin agus i láthair? Sínt amach d'aighe i gcúinne chiúin lá éigin agus breac síos do smaointe. Tá fuascailt ag baint leis an ngníomh cruthaitheach. Sinn fhéin a chur in iúl ar bhealach éagsúil ag iomrascáil le focail. Ag insint scéil. Ní bheidh a fhios agat cén chríoch a bheidh air, ach sin cuid den áthas. Aimsigh do ghuth. Tógann sé sin misneach agus tamall fada, ach cá bhfios

cá dtabharfaidh sé tú má dheineann tú forbairt ar do ghuth sainiúil féin. Má tá lá dorcha agat agus go bhfuil scamall ar do mheon, tóg amach an peann, scríobh síos do phian, nó d'áthas agus dein taifead i bhfocail ar cad atá ar siúl istigh is mórthimpeall ort má thugann sin faoiseamh dhuit. Ag athshealbhú do chuid cruthaitheachta.

Táim anso mar go bhfuilim paiseanta mar gheall ar bheith ag scríobh. Má tá fonn ort teacht orm san ollscoil, tar agus déanfaidh mé iarracht am agus comhairle, cluas agus súil a chaitheamh ar do chuid scríbhneoireachta. Muna bhfuil faic scríte agat fós ach go

bhfuilir fiosrach—bain amach mé. Déanfaidh mé mo dhícheall cabhrú leat. Más mian leat páirt a ghlacadh i bpobal beag scríbhneoireachta sa choláiste—bheinn níos mó ná sásta ceardlann oscailte sa scríbhneoireacht chruthaitheach Gaolainne a réachtáil ar bhonn seachtainiúil ag brath ar éileamh uaitse. Fáilteofar roimis gach saghas scríbhneoireachta atá cruthaitheach—filíocht, próis, splancfhicsean srl.

Seol tú féin thar tairseach. Samhlaigh agus scríobh. Léigh agus b'fhéidir go dtiocfaidh an bhé. Chaitheas na blianta ina dhiaidh sin ag déanamh rudaí cosúil le léiritheoireacht teilifíse, ateangaireacht agus aistriúchán. Ach ní shásódh aon ghairm eile mo mhian chun dul ag scríobh. Bhí an lámh in uachtar ag an bpeann i ndeireadh an lae agus tugann sé sin áthas dom. 2018 agus táim ag iarraidh síolta na cruthaitheachta a scaipeadh trí chonair na filíochta is an scríbhneoireacht Ghaolainne agus mé thar nais arís, ar feadh thréimhse, i DCU. Táim chomh buíoch, tá mo bhreac ar an bport.

Bí i dteagmháil: [dairena.nichinneide@dcu.ie](mailto:dairena.nichinneide@dcu.ie)

# An Leigheas



GEARRSCÉAL LE  
JOHN CONLON (MG01)



BUAITEOIR  
FICSEAN DO DHAOINE FÁSTA  
Urraithe ag *Leabhar Breac*

## Jessica Summers.

Mí na Nollaig, 1960.  
*Teach Dídine Mapleleaf.*

Chloisfeá biorán beag ag titim. Tost iomlán. Tost aisteach, bagarthach, ach tá éadulaingt chráite na n-othar chomh glórach leis an diabhal i mo cheann.

Oslaíonn an doras i ngluaiseacht mhall, siúlann an tSiúr Bernadette amach, seasann sí os comhair an dorais le húdarás ag féachaint orm, leabhar nótaí i mo lámh. Táim te i mo chóta fionnaidh—Givenchy dála an scéil—mo ghloiní gréine orm, béaldath dearg agus hata dubh ar mo ghruaig fhionn. Tá aghaidh dhúr uirthi mar a bheadh ag saighdiúir. Is soiléir anois go raibh sí ag súil liom.

Siúlaim i dtreo na mná tanaí seo le muinín i ngach céim. Tá dreach dian uirthi, cuma stróúil ar a haghaidh. Tá sí ag cur allais. Cuirim mo leabhar i mo mhála agus sínim mo lámh amach chuici.

“Is mise Jessica Summers,” arsa mise.  
“Tá aithne agam ort, Ms Summers.”  
“Jessica, le do thoil.”

Mo lámh fós i ngreim láidir aici, amharcann sí suas chun na bhflaitheas.

Siúlaim léi, i dtreo na hoifige, í ag féachaint siar orm, leamhgháire ar a haghaidh. Tá aithne agam ar na dorchlaí caola dorcha seo. An t-allas taisligh ar na ballaí fuara folmha. Na soilse ag preabadh le mo chroí. Torannach. Tá na hothair go léir ag cogarnach fúm. Táim iargúlta galánta anseo, ach tá obair le déanamh agam agus tá sé ar intinn agam é a dhéanamh, gan doilíos.

“Suigh síos le do thoil, Jessica,” arsa an tSiúr Bernadette. “Céard is féidir liom a dhéanamh dhuit?” Í ina suí ar chathaoir shúgáin, ós comhair an phictiúir aibéisigh d’Íosa, an bheirt acu ag stánadh orm, ag magadh fúm.

“Bhuel, tá mé anseo ar son an *Irish*

*Press*. Táim ag iarraidh píosa a scríobh ar an dea-obair atá déanta agaibh anseo i mbliana,” arsa mise le frithgháire, “sílim gur próiseas tairbheach a bheidh ann don bheirt againn.”

Tá teannas sa seomra i mbealach nach raibh nuair a shuigh mé ar an gcathaoir mhíchompordach seo. Tá ciúnas liobarnach ann. Is cosúil go bhfuilimid i scannán Iarthartach, ag faire ar a chéile gan focal, réidh lenár gunnaí a aimsiú.

Le bheith ionraic, tá locht amháin orm. Níl ionam ach duine tar éis an tsoil, tá mo chuid laigí agam ar nós gach duine eile. Ní raibh mórán aithne agamsa ar mo mháthair, ach, dúirt sí liom nuair a bhí mé i mo chailín óg glan, nach raibh mé i mo bhréagadóir maith. Níl cinnte fós an locht é sin. Dúirt sí nach raibh aon nádúr ionam, nach raibh croí ar bith ionam, nach raibh daonnacht ar bith ionam. Níor bhréagadóir í. Is mar sin atá a fhios ag an mbean dhofhulaingthe seo nach bhfuil suim dá laghad agam i ‘ndea-obair’ na hinstiúide uafásaí seo.

“Ar aghaidh leat, ach táim cinnte nach n-aimseoidh tú aon rud,” a deir an tSiúr le straois ghránna ar a haghaidh. “Na daoine a théann ag fánaíocht sa dorchadas i rith na hoíche, is iad na daoine a théann ar strae. An dtuigeann tú?”

Siúlaim amach doras na hoifige go malltriallach. In ísle brí le dornán cáipéisí i mo lámh agam. Tá barúil agam go bhfuil rud éigin cearr, ach níl a fhios agam fós cad é. Tá sé in am dul i mbun oibre.

## Jessica Summers

27 Eanáir, 1961.

Peann, páipéir agus peannaireacht dholéite ar fud na háite. Na firicí bunúsacha os mo chomhair.

Lana Winters. Ceithre bliana is tríocha d’aois. Gruaig fhionn, súile glasa. Cúig troithe cúig orlaí in airde. As lár na tíre, Contae na hIarmhí. Ní raibh gaol aici lena tuistí, iad colscartha. Cuireadh í sa ghealtlann seo ar an 2 Meán Fómhair, 1958. Ba shaoririseoir í. Rinneadh mionstaidéar ar an scéal. Níor aimsíodh í, níor aimsíodh aon rud ach amháin teastas báis i dTeach Mapleleaf, gan corpán, imithe. Cá bhfuil tú, a Lana?

Is bleachtair mé, agus cosúil le haon bhleachtair a bhfuil ardmheas air, tá próiseas agam. De ghnáth, cruthaím scéal de shórt ón bhfianaise a fhaighim ag tús an cháis agus ansin, cuirim teorric le chéile. Ag an tráth seo, sílim gur cuireadh bliain amháin príosúnachta ar Lana Winters, de bharr gur leispiach í. I dtaca an ama sin caitheadh go huafásach léi, rinne sí fianaise le brúidiúlacht na tearmainne agus choinnigh sí taifead den uafás le scéal a scríobh nuair a scaoileadh í, le fimíneacht Theach Dídine Mapleleaf a nochtadh. Mar sin, fuadaíodh Lana agus lig siad orthu go bhfuair sí bás, míníonn sé sin an teastas báis a aimsíodh. Anois, tá sí sáinnithe anseo i ngeimhle. Caithfidh mé fianaise an scéil sin a aimsiú. Caithfidh mé Lana Winters a aimsiú.

## Jessica Summers.

29 Eanáir, 1961.

Ar ais arís. Fillim ar na seanghnáthoga. Seasaim isteach ar an ngealtachas. Mothaím nár fhág mé an foirgneamh ar chor ar bith. Tá cumas ag na ballaí seo cur isteach ar intinn duine. Siúlaim go gaisciúil síos dorchla Mapleleaf, mo cheann san aer, mo shála arda ag clagarnach ar an urlár tilithe, déanann an torann comhartha don tSiúr go bhfuilim anseo.

Siúlaim go diongbháilte i dtreo sheomra Lana Winters. Cloisim sconna



atá ag sileadh. Stopaim. As eireaball mo shúile, feicim doras gorm atá le feiceáil ag deireadh an staighre. Tagann ré roithleagán orm. Ní osclóidh mé an doras sin.

Tugaim céim siar go héiginnte. Táim i mo sheasamh taobh amuigh de dhoras Lana Winters. Cuirim an doras ar leathoscailt, seo é m'áit shúgartha. Caithfidh go bhfuil an seomra lán le leideanna. Tá sé slachtmhar fós, seachas an bia atá ar an urlár atá ar fad ó mhaith. Bhí sí anseo. Tá fuarboladh sa seomra. Cóip den bhíobla suite ar an deasc in aice le paca toitíní. Tá dual gruaige ar an leaba. Tá tost iomlán ann. Braithim go bhfuil neach éigin sa seomra. Feicim scáil ar an mballa os mo comhair. An tSiúr Bernadette.

“Beidh gach uile chomhad ar Lana Winters uaim láithreach,” a scread mé.

### Lana Winters.

3 Feabhra, 1961.

Tá mé ag cuardach an mise fíor, sin an fáth a bhfuilim sáinnithe anseo, nó sin é a deir siad liom. Níl éinne do mo chuardach. Tá mé anseo fós, chomh cruinn le gráinneog i nduibheagán m'intinne. As mo mheabhair ag umar an éadóchais. Cuireadh san ‘ospidéal’ seo mé dhá bhliain ó shin. Rinne mé mo dhícheall cuntas a choinneáil ar uafás na háite seo le scéal a fhoilsíú ar son na n-othar eile atá anseo, iad ag fulaingt lá i ndiaidh lae. Ag glanadh sochaí na hÉireann atá siad, dar leo. Níl sa mheabhairghalar ach téarma faiseanta ar pheaca, a deirtear. Níl ann anseo ach seomra ceastóireachta. Ithim dhá uair in aghaidh an lae. Tá an t-uisce uilig imithe

ó mo cholainn. Ní cuimhin liom rud ar bith mar gheall ar an ‘leigheas’ a tugadh dom. Tá fuil ag sileadh ón tsíleáil. Níl ionam ach corp i mo luí faoi fhothrach dubh Mapleleaf. Gheobhaidh mé bás taobh istigh de na ballaí seo. Cuidigh liom. Tar orm.

### Jessica Summers.

3 Feabhra, 1961.

Leanann an clog ag bualadh gan stad ná staonadh... *Tic toc, tic, toc...* Nílim cinnte an bhfuil sé ina lá nó ina oíche amuigh. Tá na haltraí ag siúl anonn is anall agus iad suaite, ag stánadh uathu. Ag stánadh go fuar orm. Ormsa? Mise atá ar mo chiall anseo. Iarraim ar cheann de na haltraí míniú a thabhairt ar scéal Lana. Tosaíonn an bhean ag gáire.

“An bhfuil aon bharúil agat faoi Lana Winters?” ceistím í.

“Síos, síos, síos an staighre, síos staighre na spéire,” ar sí go stuacach.

Táim i mo sheasamh ag barr an staighre, ag stánadh romham sa dorchadas. Tá dual gruaige ar an dara céim den staighre. Siúlaim. Feicim arís an doras gorm os mo chomhair, tá boladh géar ag teacht ón taobh eile den doras. ‘Rannóg ghlantacháin’ scríofa os cionn an dorais. Osclaím an doras. Dorchadas.

Feicim an tSiúr Bernadette.

“Conas atá ag éirí leat, Jessica?” a deir sí, “tá an chuma ort go bhfuil tú imithe le báiní.”

Rithim. Rithim suas staighre na spéire. Preabann mo chroí le gach céim a thógaim. Eagla m'anama orm. Tuigim an scéal anois. Tá an tSiúr Bernadette díreach taobh thiar díom. Titim. Titim

síos staighre na spéire.

Tá mé timpeallaithe gan slí éalaithe agam. Tá na haltraí ag féachaint síos orm. Tá me i mo luí ar thíleanna fuara Theach Mapleleaf. Ag stánadh romham. Tá deoir amháin ag sileadh le mo ghrua. Briste.

“Ná bí buartha Miss Winters, ní ghortóidh seo thú in aon chor,” arsa an tSiúr Bernadette.

Motháim na drugaí ag bogadh le m'fhuil. Dorchadas.

### An Dochtúir Harvey.

5 Feabhra, 1961.

Ainm: Lana Winters.

Seoladh: Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.

Dáta Breithe: 10/1/1927

Inscne: Bean.

Meáchan: 60kg.

Airde: 5'5”.

Cás: Tá Miss Winters lánchinnte gur bleachtair dar ainm Jessica Summers í. Chuir a máthair i dteach na ngealt í dhá bhliain ó shin de bhrí gur leispiach í.

Siomptóim: Bíonn Miss Winters i gcónaí ag mungailt a cuid cainte. Bíonn sí i gcónaí ag déanamh tagairte don seomra teiripe leictre-thritheamháí, nó an ‘doras gorm’ mar a thugann sí air.

Meabhairghalar: Scitsifríne.

### Jessica Summers.

6 Feabhra, 1961.

Dúirt mo mháthair liom nuair a bhí mé i mo chailín óg glan, nach raibh mé i mo bhréagadóir maith. Nílim ag insint bréag. Cuidigh liom.



Grianghraif: Deirbhile Ní Chathail



# AN GHAeilGE SA 21ú hAOIS



ALT LE  
ALISON SPILLANE (G13)

Le fada tá argóint déanta ag daoine áirithe gur teanga sheanfhaiseanta as dáta í an Ghaeilge. Chun tacaíocht a thabhairt don argóint sin is minic a luaitear leithéidí Peig Sayers, ainm nach bhfuil fiú cloiste ag an gcuid is mó den aos óg. A mhalairt ar fad atá fíor, tá an Ghaeilge ag dul ó neart go neart sa ré ur teicneolaíochta atá ar siúl faoi láthair. Tá sí ag freastal ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí chomh maith.

Anseo tá liosta de 10 rud atá ar fáil ar líne le taispeáint go bhfuil an Ghaeilge nua-aimseartha agus faiseanta sa lá atá inniu ann.

Is é an chéad rud ná an podchraoladh Motherfoclóir. Inniu tá podchraoltaí ar fáil i ngach áit, ar gach topaic, i mbeagnach gach teanga. Is i mBéarla atá an ceann áirithe seo ach is í an Ghaeilge an t-ábhar atá á phlé ann. Le Darach Ó Séaghda, @theirishfor, atá sé. Agus é ag cur síos air, deir sé gur 'gateway drug to Irish' atá ann. Oireann sé don fhoghlaimeoir, don chainteoir dúchais agus don té nach bhfuil ach suim aige i gcúrsaí teangeolaíochta.

Is é an dara rud ná podchraoladh eile; Beo ar Éigean (BAE). Is é seo an

chéad phodchraoladh lán-Ghaeilge ó RTÉ. Triúr ban óg ó RTÉ atá i gceannas ar an gceann seo. Is ar an té atá líofa (nó a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu ar aon nós) atá an ceann seo dírithe. Pléitear rudaí a thaitníonn leo, cúrsaí saoil agus gach gné den saol nua-aimseartha. Tá spraoi agus craic ag baint leis. Podchraoladh deas réchúiseach neamhfhoirmiúil atá sa cheann seo. Ag cur síos air, dúirt Siún Ní Dhuinn, duine de na triúr láithreoirí, go ndéanann siad iarracht cúrsaí teanga a sheachaint.

Tá na Gaeil beo ar Snapchat chomh maith. Tá sár-iarracht déanta ag TG4 ar na meáin shóisialta. Tá beirt láithreoirí iontacha acu idir Chaitlín Nic Aoidh agus Mhicheál Ó Ciaraidh atá lán le fuinneamh agus spraoi ar an gcuntas Snapchat. Is fiú go mór iad a leanúint (tg4tv).

Tá go leor vlagadóirí Gaelacha ar Snapchat chomh maith, @caoimhechats ina measc. Iriseoir físe le meoneile.ie atá ag cur fúithi i mBéal Feirste, bíonn sí i gcónaí feiceálach ar na meáin. Freastalaíonn sí ar fhoghlaimeoirí agus ar chainteoirí dúchais idir óg agus aosta. Tá vlag aici ar YouTube chomh maith a bhfuil an t-ainm céanna air. Agus anuas air sin, tá sí páirteach sa chainéal YouTube, TusaTube. Cúrsaí saoil a bhíonn á vlagáil aici ar na gréasáin uilig, agus gach rud go hiomlán trí Ghaeilge. Ach bíonn fotheidil Bhéarla ar na Snaps chun freastal ar na foghlaimeoirí.

Agus muid leathbhealach tríd an liosta, ba chóir dom aird a tharraingt ar aipeanna Gaeilge atá ar fáil. Cúpla mí ó shin seoladh aip darb ainm 'Loinnir'. Tinder na nGael a thug neart daoine air. Bhunaigh Dónal Ó Catháin agus Edmond Ó Floinn é tar éis Haiceatóin i UCD. Agus é faoi agallamh ag an Oireachtas dúirt Dónal gur 'meascán de Tinder agus myTaxi é.' Is é an aidhm atá leis ná gréasán na nGael a chruthú agus chun é a dhéanamh níos éasca teacht le chéile le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu. Tá sé ar fáil ar Android faoi láthair saor in aisce.

Aip eile atá ag freastal ar fhoghlaimeoirí Gaeilge timpeall an domhain ná Duolingo. Is féidir go leor leor teangacha a fhoghlaim ar an aip idirghníomhach seo. Ach tá an-tóir ar an nGaeilge. Tá níos mó ná 2 mhilliún

duine ag foghlaim na Gaeilge ar an aip, níos mó ná leathchuid acu sin thall sna Stáit Aontaithe.

Is gréasán domhanda iad na Gaeil. Tá an grúpa Gaeilge Amháin ar Facebook iontach chun iad uilig a thabhairt le chéile. Is féidir le daoine, idir fhoghlaimeoirí agus chainteoirí dúchais, ceisteanna a chur ar a chéile agus smaointe a scaipeadh eatarthu ann. Tá fáilte roimh gach duine bheith páirteach ann. Is é an t-aon choinníoll atá ann ná go mbíonn ort an Ghaeilge a úsáid agus an Ghaeilge amháin.

Is réimse iontach mór de na meáin faoi láthair iad na blaganna. Bíonn blagadóirí de gach aon saghas ann, blagadóirí Gaeilge ina measc. Is é an chéad bhlag atá le clúdach anseo ná Gaeilge le Glam. Blag faisin atá ann bunaithe ag ceathrar múinteoirí Gaeilge ó Ghaillimh. Bíonn cúrsaí stíle agus faisin i measc na n-ábhar a bhíonn á bplé acu. Bíonn siad gníomhach ar na meáin shóisialta chomh maith, ar an gcuntas Snapchat go háirithe.

Is é an chéad bhlag eile atá ar fáil ná ceann dátheangach le hUrsula Savage dar teideal, 'Ag smaoinneamh os ard', oiriúnach don fhoghlaimeoir os rud é go bhfuil cuid den ábhar as Béarla. Ní hé go mbíonn gach uile rud aistriúcháil ó Ghaeilge go Béarla nó a mhalairt. Uaireanta bíonn sí ag scríobh as Béarla, uaireanta eile is as Gaeilge a bhíonn sé.

Ar an dóigh chéanna, is blag dátheangach an ceann deireanach: 'As an Nua' le Siún Ní Dhuinn (as Beo ar Éigean). Is as Gaeilge a bhíonn an t-ábhar cuid den am, amanna eile as Béarla a bhíonn sé. Bíonn gach réimse ó stíl agus faisean go feimineachas agus leabhair agus ealaíona pléite ann.

Mar sin is féidir a rá go bhfuil an Ghaeilge beo sa 21ú hAois, ní hamháin i gClub an Chonartha nó ag an Oireachtas nó ar Raidió na Gaeltacha, ach ar líne, ar na meáin shóisialta agus i ré na teicneolaíochta freisin.

## Comhar

COMHBHUAITEOIR  
IRISEOIREACHT  
Urraithe ag Comhar

# 'Guth na gCluichí Gaelacha'

## Mícheál Ó Muircheartaigh:



FAOI AGALLAMH AG  
CONCHÚR Ó SÉ (G13)

Lá breá geal a bhí ann agus me suite go compordach i bhforhalla Óstán Pháirc an Chrócaigh ach bhí rud amháin ag cur isteach orm agus ba é sin ná go raibh mé cuíosach neirbhíseach; bhíos chun agallamh a chur ar 'Ghuth na gCluichí Gaelacha,' Mícheál Ó Muircheartaigh. Nuair a shiúil an fear féin isteach, seasta go hard fós agus é i ndiaidh ceithre scór is seacht mbliain a cheiliúradh cúpla lá roimhe, chonacthas láithreach an grá atá ag muintir na hÉireann dó le daoine ag beannú dó agus ag iarraidh grianghraif a ghlacadh leis.

Níorbh é sin an t-aon rud a chonacthas láithreach, áfach. Is fíor a rá go bhféadfaí an fear a bhaint ó na meáin chumarsáide ach nach mbainfí na meáin chumarsáide ón bhfear agus Mícheál do mo cheistiú faoin mbealach ar tháinig mé isteach agus ag éisteacht go cíocrach

le mo thuairimí faoi chluichí an deireadh seachtaine; rud a chuir mé ar mo shuaimhneas go tapa.

Choimeád an Ciarraíoch cáiliúil, Mícheál Ó Muircheartaigh, muintir na hÉireann faoi gheasa lena chuid tráchtairreachta thar tréimhse 62 bliain ag obair do RTÉ. Tá an-ómós ar fad ag muintir na hÉireann air toisc gur tháinig a phearsantacht amach go smíor ina chuid oibre thar na blianta ag tabhairt cur síos draíochtúil ar na laethanta móra i bPáirc an Chrócaigh.

Rugadh é sa bhliain 1930 agus ba mhac le beirt fheirmeoirí é. Is as Dún Síon dó, baile beag lasmuigh den Daingean a bhíodh ina bhreac-Ghaeltacht ach atá mar chuid den Ghaeltacht anois. Deir Mícheál gur fhás sé aníos ag labhairt na Gaeilge agus an Bhéarla: "Bhíodh an meascán ann ach bhí níos mó Gaeilge, bhí an-Ghaeilge ag na seandaoine go léir a bhí sa Ghaeltacht, ach an chéad ghlúin eile ní raibh sí acu, sin mar a tharlaíonn sé."

Ag labhairt faoina óige, admháíonn sé gur thaitin an obair amuigh faoin aer úr "go mór" leis agus cuimhníonn sé go cruinn ar na haonaigh mhóra a bhíodh sa Daingean le daoine "ann go moch ar maidin ag ceannach agus ag díol" ainmhithe iontu. Níor imir sé mórán peile agus é ina pháiste: "Beagáinín ach ní raibh mórán peile sa scoil ag an am. Ní raibh aon pheil in aon chor sa bhunscoil i gCiarraí ach bhí sé mar sin ar fud na tíre."

Agus é críochnaithe sa scoil ní raibh mórán fostaíochta ar fáil sa Daingean ach deir Mícheál go raibh "an-mheas ar oideachas" sa bhaile, rud a chabhraigh leis áit a sholáthar i gcoláiste ullmhúcháin i mBaile Bhúirne i gCorcaigh sa bhliain 1945 i ndiaidh na Meánteiste, agus é dírithe ar an múinteoireacht. Labhraíonn sé go fonnmhar faoin tréimhse

a chaith sé ansin agus faoin gcaoi ar fhorbair an tréimhse seo a chuid Gaeilge: “Ní raibh ann ach 80 scoláire ar fad ann ach an rud iontach mar gheall air, bhí gach rud trí Ghaeilge. Bhí daoine ó gach aon chúige ann, bhí duine ó gach aon Ghaeltacht ann, d’fhoghlaimíomar go léir na ceithre chanúint óna chéile ag déanamh aithris ar a chéile, rud maith é an meascán a bhí ann.”

Chaith sé trí bliana ansin sular thug sé aghaidh ar Bhaile Átha Cliath, áit a ndeachaigh sé i mbun a chuid staidéir le bheith ina mhúinteoir anseo i gColáiste Phádraig. “Bhí sé go deas bheith i mBaile Átha Cliath agus cleachtadh múinteoireachta a fháil i scoileanna difriúla.” Ba i mBaile Átha Cliath a osclaíodh geata dó, geata a dhéanfadh cáiliúil é agus a dhaingneodh é mar chuid thábhachtach de shaol Chumann Lúthchleas Gael agus na hÉireann i gcoitinne.

Chonaic se fógra anseo sa choláiste faoi thrialach tráchtairachta i bPáirc an Chrócaigh ar Lá Fhéile Pádraig na bliana 1949. Chuaigh sé faoi choimirce na cinniúna agus d’fhreastail sé air in éindí le scoláirí eile ó thimpeall na tíre. Admhaíonn sé faoin tráchtairacht: “Ní raibh suim agam dul isteach ann riamh, ach bhíomar ag féachaint air mar sórt eachtra, adventure, dul ann gan aon bhrú nó aon rud, beimid istigh sa bhosca, bosca Micheal O’Hehir.”

Nuair a tháinig triail Mhíchíl, léirigh sé a chumas tráchtairachta agus gan é ach 19 bliain d’aois, rud a thug an deis oibre dó. Ba é an chéad tasc dó ná tráchtairacht a dhéanamh ar chluiche ceannais an Bhóthair Iarainn an Déardaoin i ndiaidh Lá Fhéile Pádraig agus is fíor a rá nár bhreathnaigh sé siar ó shin.

Bhí an-mheas ag Mícheál ar a réamhtheachtaí, O’Hehir, a bhí mar ghuth na gcluichí Gaelacha ag an am sular ghlac an Ciarraíoch leis an teideal sin. Nuair a cuireadh ceist air ar imir sé tionchar ar a chuid tráchtairachta, deir sé: “Níor imir go fírinneach, dhéanas rudaí mo bhealach féin ach bhí sé an-chabhrach dom. Chuir sé aithne orm agus chuir sé ceisteanna orm d’aon ghnó faoi Chiarraí ag leath-am chun mé a chur ar mo shuaimhneas agus chun eolas a thabhairt dom. Sin an sórt duine

a bhí ann, bhí sé go han-mhaith ag cabhrú le daoine.”

Nuair a d’éirigh O’Hehir as an tráchtairacht i 1985 tháinig an Ciarraíoch ina áit mar phríomhthráchtair ar na cluichí Gaelacha do RTÉ agus b’iomaí ráiteas de chuid Uí Mhuircheartaigh a choimeád a lucht éisteachta faoi dhraíocht. D’fhéadfaí a rá gurbh é an ráiteas ba cháiliúla ná: “Seán Óg Ó hAilpín, his mother’s from Fiji and his father’s from Fermanagh, neither a hurling stronghold.”

Bhí stíl cheolmhar aige a sheas amach agus nuair a cuireadh ceist air faoin stíl seo, d’fhreagair sé: “Nuair atá suim agat i rud, beidh tú ag foghlaim an t-am ar fad, beidh tú ag bualadh le daoine agus beidh siad ag caint faoi chúrsaí peile agus iománaíochta agus ag caint mar gheall ar dhaoine, bhaileofa a lán eolais mar sin. An chuid is mó de ná ag caint le daoine. Bíonn suim ag muintir na hÉireann i ndaoine agus is breá leo eolas a fháil ar dhaoine, ní mar sin a bhíonn sé i dtíortha eile.”

D’éirigh an Ciarraíoch as an tráchtairacht i mí Dheireadh Fómhair 2010 lena thasc deireanach ag trácht ar an gcluiche Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire agus an Astráil ach deir sé nach n-airíonn sé uaidh an tráchtairacht toisc go dtéann sé go dtí na cluichí uilig fós agus leanann sé iad leis an bpaisean céanna a bhí aige agus é ina fhear óg: “Bhíos i gcónaí ag dul go dtí na cluichí go léir. Níl athrú mór i mo shaol toisc go dtéim go háit an phreasa anois fós ach ní bhím i mbun oibre. Bhíos tamall fada ag obair, 62 bliain a bhíos ag obair ann, cheapas gur am maith é sin éirí as.”

Cé go bhfuil Ó Muircheartaigh éirithe as le seacht mbliana anois níl mórán ama aige suí os comhair na teilifíse ag ligean a scíthe. Tá sé saíte i go leor rudaí, is Cathaoirleach é ar Choláiste Íde sa Daingean, tá baint aige leis an obair in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí chun áiseanna spóirt a bhunú do dhaoine atá i gcathaoir rotha, tá sé bainteach leis an ospis i gCiarraí chomh maith leis an Institiúid Néareolaíochta i mBaile Átha Cliath, cúiseanna a bhfuil cion aige orthu. “Tá an-iomarca ar siúl agam ach sin mar atá,” a deir sé.

Is cosúil le reacaire uilefheasach é Ó Muircheartaigh gan dabht. D’athraigh sé thar na blianta, ón mbuachaill óg ón Daingean a thosaigh amach i 1945 go dtí laoch an lae inniu ach d’fhan rud amháin buan i gcónaí: an paisean agus an grá ata ag ‘Guth na gCluichí Gaelacha’ do chluichí Chumann Lúthchleas Gael.

# Saol an Fhile: Ag leanúint choiscéimeanna an Chaomhánaigh

CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN  
(LÉACHTÓIR AGUS FILE, FSG)

Is Muineachánach mé. File Muineachánach a scríobhann as Gaeilge agus a bhfuil cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath le blianta. D'fhás mé aníos ag léamh fhilíocht an Chaomhánaigh, (Patrick Kavanagh) agus Seamus Heaney. Bhí gean agam orthu mar fhilí agus thuig mé an mianach cré a bhí ina saothair toisc gur tógadh mé féin faoin tuath ar fheirm i measc na gcnoc beag gar don teorainn, i nGort na Móna, gar don tsráidbhaile beag Scairbh na gCaorach. Agus ansin níos déanaí ar an mheánscoil agus ar an choláiste in UCD, tháinig mé ar fhilíocht Oiriaila: 'Úirchill an Chreagáin' le hArt Mac Cumhaidh agus 'Fáilte don Éan' le Séamus Dall Mac Cuarta, 'Úrchnoc Chéin Mhic Cháinte' le Peadar Ó Doirnín is mó a chuaigh i bhfeidhm orm. Le fírinne is beag banfhile agus is beag file Gaeilge a shíolraigh ó mo cheantar le cúpla céad bliain. Ba é an bard dall Niall Mac Cionnaith a scríobh 'Coillte Glasa

Triúcha' sa bhliain 1646, an file Gaeilge deireanach ó mo cheantar dúchais go bhfios dom.

Bhí an t-ádh liom agus mé ar an bhunscoil go raibh múinteoir iontach Gaeilge agus Staire againn, an Máistir Séamus Mac Closcaigh, údar agus staraí áitiúil a chur an bhéim ar na logainmneacha Gaeilge a mhúineadh dúinn. Baineann saibhreas as cuimse leis na logainmneacha ársa ó mo cheantar dúchais agus is minic a bhíonn coillte, crainn agus doirí luaite leo, mar shampla; Doire na Sealg, Doire Chaoch, Doire na gCasán, Doire Shaileach, Corr a Chrainn, Cor na Craoibhe agus ansin áiteanna draíochtúla cosúil leis an Lios Buí, Baile Oisín, Tír Ní Néill agus Glasloch.

Nuair a tháinig mé ar an bhéaloideas ar fad a bhain leis an Bhrídeach Sí gar do mo bhaile, bheartaigh mé í a bheith mar theideal ar mo dhara cnuasach filíochta: *An Bhrídeach Sí* (2014). Bhí cónaí uirthi

féin i Loch Thulaigh an-chóngarach don áit a bhfuil mo theach féin agus le m'athair trian den loch céanna. Is iomaí leagan den scéal seo atá ann a d'aimsigh mé i gCnuasach Bhéaloideas Éireann ach seo leagan amháin. Tháinig an Bhrídeach Sí amach as an loch, lá amháin ar scor ar bith agus thit an Taoiseach áitiúil Mac Cionnaith i ngrá léi. Phós siad agus bhí triúr páistí acu agus bhí rath ar an Taoiseach agus ar a thalamh agus ar a chuid caorach. Ach ansin chuaigh sé oíche amháin suas chun cuairt a thabhairt ar a chara, an taoiseach Mag Uidhir i bhFear Manach agus thit Mac Cionnaith faoi gheasa ag iníon álainn fhionn an Taoisigh agus ní raibh sé dílis dá bhean faraor. Nuair a tháinig sé abhaile bhí an Bhrídeach Sí imithe leis na páistí agus na caoirigh ar fad go bun an locha agus bhí dobrón ar Mhac Cionnaith, é uaigneach leis féin ar feadh an chuid eile dá shaol. Spreag an scéal seo go mór mé agus



Ar chlé: Caitriona ar Inis Meáin d'Eigse Dara Beag; ar dheis: ag léamh filíochta i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 8 Márta 2018



bhunaigh mé mo chnuasach ar na castachtaí a bhaineann le cúrsaí caidrimh agus grá ar uairibh agus an dóigh go mbíonn cineál de ‘phósadh sí’ ann nuair a bhíonn caidreamh dochrach idir beirt. Chomh maith leis sin chuir mé an-spéis sa scéal béaloidis faoin chapall uisce a tháinig amach as an loch agus a sciob daoine leis. Chabhraigh sé sin liom an dán ‘Capall bán’ a scríobh do mo mháthair a bhí ag fáil bháis ag an am ach ní capall dochrach a bhí sa chapall i mo dhán féin ach capall a bhí ag tabhairt faoisimh ó fhulaingt agus saoirse an tsaol eile do mo mháthair.

Cár fhág sé sin mé agus an bhá a bhí agam le Kavanagh, fear nach raibh bá aige féin leis an Ghaeilge? Muna raibh an bhá sin ann ar an dromchla bhí macallaí na teanga le cloisteáil go fóill i liodán a chuid logainmneacha: ‘Mullinsha, Drummeril, Black Shanco, wherever I turn I see, in the Stony Grey Soil of Monaghan, dead loves that were born for me.’ Ba léir go raibh droichid le trasnú agus le tógáil agam féin idir an dá theanga agus an dá thraidisiún filíochta.

Ba mhór an onóir dom é nuair a d’iarr Comhairle Chontae Mhuineacháin orm an dán ‘In Memory of My Mother’ a aistriú go Gaeilge ar ócáid chuimhneacháin Patrick Kavanagh in Inis Caoin Mhuineacháin ar an 28 Samhain 2017, 50 bliain ón lá a fuair sé bás. Bhí mé ag léamh i dteannta Theo Dorgan, Patrick Mc Cabe, Eugene Mc Cabe, Mary Mc Donnell, Evelyn Conlon, agus go leor scríbhneoirí eile. Thaispeáin RTÉ an léamh a rinne mé ar an Nuacht ag 6.00 i.n. Six One agus 5.40 i.n. agus thaispeáin TG4 é ar an Nuacht ag 7.00 i.n. Bhí mo chroí ag pléascadh le bród agus le páisean ar an lá sin ach má bhí féin, bhí sé ag pléascadh le pian is le brón chomh maith céanna mar is ag cuimhneamh ar mo Mháthair dhílis ionúin féin ar shlí na fírinne a bhí mé agus mé ag léamh m’aistriúcháin:

### I gcuimhne ar mo mháthair

Ní smaoiním ort is tú i do luí faoin chré fhliuch  
sa reilig i Muineachán; chím thú  
ag siúl leat síos lána na gcrann poibleog  
ar do bhealach chuig an stáisiún, nó ar do bhealach sona

chuig an dara hAifreann ar Dhomhnach sa tSamhradh  
casann tú liom is deir:

‘Ná dearmad amharc i ndiaidh na mbeithíoch—’

Dá thírúla do rá, is ann a théann na haingil ar cheilt.

Smaoiním ort, tú ag siúl iomaire cinn  
de choirce ghlas an Mheithimh  
chomh hiomlán ar do shuaimhneas, chomh lán de ghus—  
Buailimid gan choinne le chéile, ag cionn an bhaile

ar lá aonaigh is i ndiaidh do na margaí  
ar fad a bheith á ndéanamh, thig linn siúl le chéile  
idir na siopaí is na stáinníní  
Saor i sráideanna oirthearacha na smaointeoireachta.

Ó níl tú i do luí faoin chré fhliuch  
mar tá tráthnóna fómhair ann anois agus  
tá muid ag carnadh na gruaich féir i gcoinne sholas na gealaí  
is tú ag miongháire aníos orainn go síoraí.

Bhain draíocht leis an ócáid féin agus bheartaigh mé dán a scríobh faoi. Lá fuar geimhridh a bhí ann agus muid ag léamh ag meán lae, tháinig gá solais anuas orainn ón spéir:

### Meán lae, ag uaigh an Chaomhánaigh Inis Caoin, Muineachán.

Bhí capaill dhonna ar na cnoic  
is blaincéid orthu  
bhí cloigín ag bualadh san imigéin  
clog na n-aingeal, is préacháin ag cágadh  
os ár gcionn

Is san aer úr  
léigh muid do dhánta don tslua  
bhí madadh dubh ar fán  
i measc na gcloch cinn is na dtuamaí  
mar a bheadh do thaibhse ann

Bhí grian íseal geimhridh  
ag lonrú aníos orainn  
ar feadh scaithimh  
mar mhacasamhail do mhiongháire

Bhí meán lae ann  
nuair a léigh muid duit, a Phile  
nóin sa tSamhain

Is bhí píobaire rua  
ag seinm os cionn d’uaighe  
ag casadh amach nótaí neimhe  
na cúlfinne mar bhean sí ar an ghaoth

Rinne mé léamha eile filíochta ó bhí mé ag scríobh do *Scáthán* an uair dheireanach, ag Féile Idirnáisiúnta na Cúirte sa Ghailimh, ar Inis Meáin d’Éigse Dara Beag, i gCorcaigh ag an Winter Warmer agus ag IMRAM i mBaile Átha Cliath, agus ag an léamh speisialta ar Champas Phádraig, DCU, i dteannta an scríbhneora cónaithe Dairena Ní Chinnéide, banfhile a thugann an-inspioráid dom. Is é an chéad cheann eile a bheas agam ná an ceann ag Teach an Ardmhéara do Lá Idirnáisiúnta na mBan ar an 8 Márta agus tá fearadh na fáilte roimh achan duine ann. Nach aoibhinn beatha an file!



# Brian MacUaid: Renaissance na Gaeilge i Lios Darach



FAOI AGALLAMH AG  
MAITIÚ MACUAID (BA1)

Agus tú ag taisteal go Cluain Eois, Co. Mhuineacháin ar lá Chluiche Ceannais Uladh ó thuaisceart an oileáin, tiocfaidh tú chomh fada le sráidbhaile darb ainm Lios Darach. Muna bhfuil tú airdeallach, beidh an chuma ar an scéal gur gnáthcheantar tuaithe atá ann. Timpeallaithe ag go leor tailte talmhaíochta, gan ach siopa amháin agus níos mó tithe tábhairne ná mar atá de dhíth, tá an áit ag druidim ar steiréitíopa de phobal tuaithe Éireannach. É sin ráite, tá rud mór amháin a thug mise faoi deara a dhéanann idirdhealú idir Lios Darach agus sráidbhailte eile na hÉireann: na comharthaí bóithre.

Bhí iontas orm “Fáilte go dtí Lios Darach” a fheiceáil ar an bhealach isteach sa bhaile bheag seo. Sin a raibh ar an chomhartha! Ní raibh focal Béarla le feiceáil ar chor ar bith! Cuimhní go raibh mé i Muineachán, ní raibh mé i

gCroílár na Gaeltachta. Mar sin de, bhí mé fiosrach. Rinne mé rud beag taighde agus chuir mé gloch ar chúpla duine agus tháinig mé ar fhear darb ainm Brian MacUaid. Fear áitiúil é i Lios Darach agus bhí scéal suimiúil aige maidir le húsáid na Gaeilge san áit iargúlta seo: “Bhuel, le frinne is dul chun cinn é a tharla le déanaí agus thosaigh sé leis an chlub Chumann Lúthchleas Gael áitiúil, Sáirséalaigh Chill Laobháin.”

Oibríonn Brian mar Oifigeach Gaeilge agus Oifigeach Caidrimh Phoiblí don chlub agus tá sé i mbun tionscnaimh leo a d’fhéadfadh tionchar forleathan a imirt ar an cheantar, ar Chumann Lúthchleas Geal agus ar an tír uilig ó thaobh na Gaeilge de.

**Brian:** Is é ár n-aidhm ghearrthéarmach ná go nglacfaidh foireann shinsear na bhfear páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta i mbliana sna Dúnaibh

i gCo. Dhún na nGall. Maidir leis an fhadtárma, tá muid ag iarraidh an fhoireann a athrú ó cheann a fheidhmíonn trí Bhéarla go ceann a úsáideann Gaeilge ar an pháirc agus taobh amuigh den pháirc.

**Maitiú:** Gan dabht, is fiontar inmholta é seo ach is tasc ollmhór é atá glactha ag CLG Chill Laobháin. An bhfuil mórán ratha bainte amach acu?

**Brian:** Le tionscnamh mar seo, ní thagann rath thar oíche, is de réir a chéile a thógtar na caisleáin leis an chineál tionscnaimh seo. Ina ainneoin seo, tá roinnt gradam bronnta orainn go dtí seo. Thug Comhairle Uladh duais dúinn de bharr na hoibre atá déanta againn ar son na cúise, mar a déarfá don Ghaeilge, fuair muid deontas beag ó The Irish News School, Club and Volunteer Awards agus bronnadh an bonn

airgid orainn ag ócáid Fondúireachta Sheosaimh Mhic Dhonnacha i bPáirc an Chrócaigh roimh an Nollaig. Tá bóthar fada romhainn ach tá cuma mhaith ar chúrsaí san am atá amach romhainn.

**Maitiú:** Is rud suimiúil tionscnamh cosúil leis seo a fheiceáil i lár chontae Mhuineacháin, contae nach bhfuil mórán clú air maidir le húsáid na Gaeilge. An raibh sé deacair daoibh bunús a chruthú?



**Brian:** Gan dabht, ní contae Gaeltachta muid. Ina ainneoin seo, tá pobal láidir Gaeilgeoirí fós thart timpeall an chontae. Tá ceithre Ghaelscoil againn agus déanann ceann acu, Gaelscoil Eois, fónamh ar chuid dár mball. D'fhreastail daoine áirithe ar an mheánscoil Coláiste Oiriall i mbaile Mhuineacháin fiú má d'fhreastail siad ar bhunscoil Bhéarla áitiúil. Ciallaíonn seo go bhfuil bunús óg agus láidir againn idir bhuachaillí agus chailíní, fhir agus mhná, maidir le húsáid na Gaeilge sa cheantar. Agus níl tagairt fiú déanta agam ar na Gaeilgeoirí cosúil liomsa, atá níos sine, nó le níos mó taithí ba chóir dom a rá!

**Maitiú:** Maidir leis an todhchaí, cad atá os bhur gcomhair?

**Brian:** Chonaic tú na comharthaí agus tú ag teacht anseo, nach bhfaca? Ní hamháin go bhfuil na comharthaí 'Fáilte go dtí Lios Darach' againn, ach tá comharthaí 'Géill Slí' in úsáid againn

in áit na gceann Béarla 'Yield'. Léiríonn sin treo amháin ina bhfuil muid ag gabháil. Níl baint aige seo leis an chlub CLG amháin anois, ach tá an pobal uilig taobh thiar de chomh maith. Tá muid ag iarraidh dea-atmaisféar Gaeilge a chruthú sa pharóiste ar fad agus a bheith mar shampla d'éinne eile a mbeadh suim acu i dtionscnamh cosúil leis seo a chur ar bun. Bunaíodh Club Pheil na mBan le déanaí agus tá súil againn tionscnamh cosúil leis seo a dhéanamh leo.

Is inspioráid iad siúd a bhfuil baint acu leis na hiarrachtaí seo. Dar le Brian agus an Coiste Gaeilge a bhfuil an iarracht seo á stiúradh acu, ní hamháin gur ar mhaithe le Cill Laobháin nó Lios Darach atá sé, ach tá siad ag iarraidh a bheith ina n-eiseamláirí do chlubanna CLG agus bailte eile timpeall na tíre. Tá siad ag iarraidh a léiriú gur féidir leat atmaisféar Gaeltachta a chruthú i lár na Gaeltachta. Tá siad ag iarraidh a thaispeáint gur don tír uilig agus don domhan mhór atá ár dteanga dhúchasach fós beo agus guím gach rath orthu.

## Comhar

COMHBHUAITEOIR  
IRISEOIREACHT  
*Urraithe ag Comhar*



# Locus

DÁN LE  
COLM Ó FOGHLÚ (MGO2)

Saolaítear muid...  
gan focal  
gan greille tuisceana...  
mar a bheadh pár úrghlan.

Bainimid triail as siollaí fuaime, abairtí ag fás go dtí go mbíonn cur síos á dhéanamh  
againn ar an saol trína bhfuilimid ag gluaiseacht... agus inár n-aighe scríobhann daoine,  
áiteacha, eispéiris, ár scéalta pearsanta féin: beathaisnéis—ar an bpár seo.

Ón bhfocal fánach fásann tuairiscí,  
tarraingítear íomhánna,  
eagraítear pictiúirí agus cuimhní cinn...

Tá ár gcuimhní préamhaithe sa méid atá imithe  
is ceangal iad lenár ndúchas.

Gan tuiscint ar an méid a bhí, is gliogar gan chiall an méid atá ann  
agus ní féidir linn tabhairt faoin méid atá ag teacht.

Bheimis gan focal  
gan greille tuisceana...  
mar a bheadh pár úrghlan.

Duibheagán gan chríoch  
saol lán de dheiseanna gan chuimse...

i bhfocail atá intuigthe,  
le teorainn céille  
scéal iomlán ar phár inléite.

# An Scáth

Tá an scáth fuar,  
mioscaiseach agus cliste,  
mé sáinnithe,  
mo chorp casta  
agus srianta,  
cosúil le leanbh gan chor.

D'fhág siad,  
na daoine a thug aire dom.  
Níl mé ábalta aon rud a fheiceáil,  
Ach an scáth,  
Dúnaim mo shúile,  
Ach fós, tá sé ann.



DÁN LE  
PATRICK NOLAN (MGO2)

# Soilse na Nollag

Tá soilse na Nollag á lasadh anocht  
ach nílid ag lonradh i ngach cúinne  
feicimid iad maidin is oíche  
mná 's páistí, fir óga, seandaoine  
iad tréigthe, gan dídean, buairt ar a n-éadain  
gan cosaint ón bhfuacht nó gach focal géar  
nó níos measa arís na sróna daite san aer  
an í seo Éire, is ea faraor

Bhíomar i ngéibheann anois táimid saor?

Abair leo siúd é más fíor é an scéal  
's muide na *warders* sa phríosún faoin spéir



DÁN LE  
IARLA Ó MUIRTHILE  
(MGO1)

# Adrian

Meangadh mór gáire,  
agus aoibh shásta air,  
ag plobaireacht agus ag glugarnach,  
gach éinne faoi gheasa aige,  
lámha beaga,  
agus craiceann chomh bán le sneachta,  
a shúile móra meidhreacha,  
is é an t-aingeal seo céad ghrá ár gcroí!



DÁN LE  
SARAH HIGGINS (MGO1)

# Breathnaím ort

Breathnaím ort  
do pheann i do lámh  
sárobair ar siúl agat  
ach níl muinín agat i d'ábaltacht

Breathnaím ar an eala  
chomh hálainn ar do loch  
léimim isteach, is lios osnádúrtha é  
agus tá saoirse againn ann

Níl buairt ar bith ann  
níl ann ach áilleacht 's gliondar  
agus táimid le chéile  
saor ón ngnáthshaol

Tá an eala fós ann  
ach táimid imithe  
tá an pictiúr i gcrích agat  
's níl agam ach an tsamhail



DÁN LE  
DARRAGH LENEHAN  
(MGO1)

Lá amháin, roinnt blianta ó shin i gceantar tuaithe in Éirinn, bhí beirt chailíní ag súgradh amuigh sa ghairdín. Beth agus Saoirse ab ainm dóibh. Bhí siad an-chóngarach dá chéile cé go raibh codarsnacht ghéar eatarthu i gcónaí. Cailín galánta ab ea Beth—cairdiúil, flaithiúil agus lán le cineáltas. Ach, ní raibh Saoirse chomh deas sin! Bhí sí millte go leor agus ní bhíodh sí ag iarraidh a cuid bréagán a roinnt leis na páistí eile cé go raibh go leor bábóg, cluichí, agus liathróidí aici! Ní raibh a fhios ag éinne conas a tháinig an bheirt acu le chéile!

An lá áirithe sin bhí siad ag imirt leadóige i ngairdín Shaoirse. Bhí siad ag pleidhcíocht, ag iarraidh an liathróid a chaitheamh níos faide ná a chéile. Bhí Beth i bhfad níos fearr ag an gcluiche seo agus ní raibh a cara sásta.

“Níl sé cothrom, a Beth!” arsa an cailín óg. “Tá tú níos airde, agus mar sin tá sé níos éasca duitse!”

Thosaigh Beth ag gáire, “Ná bí ag tabhairt idé béil dom, a chara! Ní bhraitheann sé ar airde. Táim níos fearr ag imirt an chluiche seo, ach tá tusa níos fearr ag imirt cluichí eile!”

Ach bhí fearg ar Shaoirse faoin am seo. Chas sí timpeall agus chaith sí an liathróid... agus chuaigh sé thar an mballa agus isteach sa choill. “Ó, a thiarcais!” arsa an bheirt acu le chéile. Ní raibh cead acu dul sisteach sa choill...

“Is fearr liom an liathróid sin thar aon liathróid eile!” arsa Saoirse le deora ina súile, “Caithfidh dul isteach agus í a fháil ar ais”.

Ní raibh Beth sásta leis an bplean sin ach bhí trua aici dá cara. Shiúil siad síos go dtí bun an ghairdín. Dhreap siad suas thar an mballa agus léim siad isteach sa choill. Bhí ionadh an domhain ar na cailíní—roimhe sin, cheap siad gur áit dhorcha, scanrúil í an choill, ach bhí siad mícheart! Bhí solas na gréine ag teacht trí na crainn agus bhí an áit geal. Bhí bláthanna áille ag fás timpeall na háite, go háirithe cloigíní gorma. Rinne siad dearmad ar an liathróid agus thosaigh siad ag siúl.


Go tobann, tháinig siad timpeall cúinne agus chonaic siad tobar! Tobar, sa choill! Rith siad chuige agus d’fhéach siad isteach. Bhuel, ba bheag nár thit siad i laige, mar bhí duine beag ina shuí sa tobar.

“Cé tusa?” arsa Saoirse.

“Ó, Dia daoibh, a chairde! Bhí mé ag fanacht oraibh,” arsa an fear beag, miongháire mór ar a aghaidh. “Is mise Máistir an Tobair Dhraíochta!”

“Tobar draíochta?” Ní thiocfadh leis na cailíní é a chreidiúint.

Mhínigh an fear go raibh sé in ann trí ghuí a bhronnadh orthu. Ceann amháin



do Shaoirse. Ceann eile do Bheth. Agus an ceann deireanach a bheadh roinnte idir an bheirt.

“Abair é agus gheobhaidh tú pé rud atá uait,” arsa an fear aisteach, agus tháinig loinnir ina shúile.

Bhí Beth amhrasach faoi, ach thosaigh Saoirse ag léim suas síos le háthas. “Mise ar dtús!” a scread sí. “Ba mhaith liom soláthar milseán neamhtheoranta!”

Ní raibh cuma shásta air, ach ní fhéadfadh sé a fhocal a bhriseadh. D’oscail sé a bhéal agus tháinig rím draíochta amach...

“A trí a dó a haon, a haon a dó a trí, Cad atá ag teastáil uait, cad é mian do chroí?”

A trí a dó a haon, a haon a trí a dó,

Cad atá ag teastáil uait, cad é an rud is mó?”

Chomh luath is a bhí na focail as a bhéal aige, thosaigh milseáin ag titim ón spéir. Scread Saoirse le háthas agus thosaigh sí ag rith thart á mbailiú. An t-am ar fad, bhí Beth ag smaoineamh go cúramach. Ní raibh sí chomh saibhir le Saoirse, ní raibh a lán bréagán aici. Ní raibh teach mór aici agus ní raibh peata aici. Ach ní raibh rud fisiciúil ag teastáil uaithi. Bhí sí ag smaoineamh ar a máthair. Bhí sí an-tinn, agus bhí eagla an domhain ar an gcailín beag.

“Tá a fhios agam cad atá uaim,” arsa Beth i nglór beag.

Chas an fear thart chuici. “Inis dom, a stór.”

“An féidir leat mo mháthair a leigheas?”

Chlaon sé a cheann le taispeáint go raibh sé sásta agus thosaigh sé ar na focail chéanna a aithris:

“A trí a dó a haon, a haon a dó a trí,

Cad atá ag teastáil uait, cad é mian do chroí?”

A trí a dó a haon, a haon a trí a dó,

Cad atá ag teastáil uait, cad é an rud is mó?”

“Beidh biseach ar do mháthair nuair a fhilleann tú abhaile, a stóirín,” arsa an fear. Faoin am sin bhí cnoc mór milseán thart timpeall ar Shaoirse agus bhí sí ar crith le heagla.

“Tá an iomarca milseán anois, cuir stop leis,” a d’impigh sí air.

“Nílim in ann é sin a dhéanamh, thug tú an t-ordú dom chun é a thosnú,” arsa Máistir an Tobair Dhraíochta. “Ach, tá guí amháin fágtha agaibh—éistigí liom, caithfidh sibh é a dhéanamh le chéile!”

Bhí Saoirse clúdaithe ag na milseáin faoin am seo agus ní raibh sí in ann seasamh suas. Bhí sí ag caoineadh go fras.

“Le do thoil, a Beth, táim i bponc!” Bhí brón ar Beth. Bhí sí ag iarraidh rud éigin deas a dhéanamh don scoil leis an nguí dheireanach. “Más e do thoil é Beth!” a scread Saoirse. Bhí a fhios ag Beth céard a bhí uaithi.

“Ba mhaith liom cabhair a thabhairt do mo chara,” ar sí. Bhí sé soiléir go raibh an fear bróiduil aisti.

“Cailín maith,” a dúirt sé. “Abair an ghuí le chéile dom.”

“CUIR STOP LEIS NA MILSEÁIN!”  
arsa an bheirt acu. Uair amháin eile,  
dúirt sé an rím bheag:

“A trí a dó a haon, a haon a dó a trí,  
Cad atá ag teastáil uait, cad é mian do  
chroí?

A trí a dó a haon, a haon a trí a dó,  
Cad atá ag teastáil uait, cad é an rud  
is mó?”

Bhí stop curtha leis na milseáin. Agus  
bhí an fear imithe.

“Tá brón an domhain orm, a Beth,”  
arsa Saoirse. “Ba chailín millte, santach  
mé. Bhí mé ag smaoineamh fúm féin  
agus ba bheag nár maraíodh mé! Rinne  
tú maitheas le do ghuí agus anois beidh  
biseach ar do mhamaí. Is duine iontach  
thú—beidh mise níos deise amach  
anseo!” Thosaigh Beth ag gáire.

“Ceart go leor. Ach tabhair geallúint  
amháin dom—ná hith a thuilleadh  
milseán go deo!” Thosaigh an bheirt acu  
ag gáire os ard, agus rith siad ar ais go dtí  
an teach. Tháinig biseach ar mháthair  
Beth, agus cailín deas cineálta ab ea  
Saoirse as sin amach—agus níor ith sí  
milseán eile riamh.

## Emma sa Ghairdín



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE  
**ALEX BUTLER (BOid3)**

Nuair a bhíonn Emma ag súgradh sa ghairdín, uaireanta bíonn uaigneas uirthi. Níl aon deirfiúracha nó deartháireacha aici. Ach tá samhlaíocht an-mhaith aici agus is aoihbhinn léi an gairdín. Tosaíonn sí ar bhrionglóidigh ansin:

‘Is leon mé ag screadaíl go glórmhar.’

‘Is éan mé ag eitilt go hard sa spéir.’

‘Is nathair nimhe mé ag sleamhnú síos an sleamhnán.’

‘Is síota mé ag rith timpeall na háite.’

‘Is cangarú mé ag léim thar na clocha.’

‘Is moncaí mé ag luascadh ar an luascán.’

Go tobann thit Emma ar an talamh. Thosaigh sí ag caoineadh. Rith Mamaí amach chuici.

‘Ghortaigh mé mo chos,’ arsa Emma.

‘Is pleidhce ceart tú,’ arsa a Mamaí léi. ‘Ba chóir dúinn tú a chur isteach sa zú. Tá tú díreach cosúil le hainmhí.’

Thosaigh Emma ag gáire. Bhí an ceart ag Mamaí.

# DO D AMHÁIN



GEARRSCÉAL LE  
**SEÁN Ó NUALLÁIN (GG1)**

Bhí Liam Ó Murchú, paraimh-íochaineoir ó Bhaile Átha Cliath, ag siúl trasna an bhóthair nuair a shleamhnaigh sé agus thit sé. Ba bheag nár bhuaile carr é, ach bhí an tiománaí an-ghasta ag brú ar na coscáin, an t-aon rud a chosain Liam ó roth an chairr ag leacú a chinn. Rith an tiománaí chuige, buartha go raibh sé gortaithe go dona, ach sheas Liam suas agus rith sé chun éalú ón náire. Bhí a lán aidreanailín ag dul trína chorp agus ní raibh Liam in ann smaoineamh ar aon rud eile seachas cé chomh gar is a bhí sé don bhás. Ní bheadh a scileanna mar chleachtóir *karate* in ann é a choimeád slán ó charr, ach chuir an smaoineamh sin é ag samhlú faoi fhéidearthachtaí chun é féin a chosaint ó dhaoine eile agus iad ag iarraidh é a ghortú.

Bhí sé fiche bliain d'aois faoin am seo, áfach agus fós, ní raibh deis aige a scileanna *karate* a thaispeáint, mar sheachain sé trioblóid nuair a chonaic sé é. Bhí sé ag éirí bréan dá chairde ag magadh faoi, iad ina ndornálaithe ag rá nach n-oibreodh aon rud a dhéanfadh sé. Inniu ba bheag nach bhfuair sé bás gan a scileanna *karate* a chur i bhfeidhm chun léiriú go raibh sé in ann troid. Mar gheall ar an eachtra sin, bheartaigh Liam go raibh air a theicníc a úsáid ar a laghad uair amháin ina shaol agus gurb é sin an lá.

Thug Liam faoi deara gur shiúil sé chuig an siopa áitiúil i ngan fhios dó féin agus é ag éalú. Chonaic sé na déagóirí áitiúla ag pleidhcíocht timpeall air. Bhí siad ag caitheamh balúin uisce ar dhaoine agus iad ag dul isteach agus amach. Bhí eagla ar dhaoine aon rud a rá mar bhí drochchlú orthu. Ba dhornálaí é ceannaire an tslua sin, Tadhg Ó Broin. Bhí aithne ag Liam air mar labhair a chairde faoi, ag moladh go hard a chumais mar dhornálaí. Ní raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois ach fiú ag an aois sin dúradh go raibh sé réidh chun gairm phroifisiúnta a thosú. Bhí sé thart faoi throigh go leith níos airde ná Liam agus bhí i bhfad níos troime ná é. Bhí eagla ar chuid mhór den phobal roimhe, Liam san áireamh (ach ní admhódh sé é). D'aithin Liam an rud seo mar dheis chun a bheith mar laoch agus ghlac sé an deis. Dhruid sé leis an ngrúpa agus dúirt sé, “Nach bhfuil aon rud eile le

déanamh agaibh seachas a bheith ag caitheamh balúin uisce ar dhaoine ar nós páistí?”

“Cé thú féin? An gceapann tú go bhfuil tú chun sin a rá agus teacht amach slán?” Tháinig Tadhg a fhad le Liam agus d'fhéach sé air go feargach. Bhí Liam ag pleanáil na ngníomhartha a bhí le déanamh aige. Shocraigh sé Tadhg a bhualadh sa cheann, é a chiceáil sa bholg agus ansin chorfadh sé a lámh go dtí go ndúirt sé go raibh brón air agus nach ndéanfadh sé arís é. Thosaigh Tadhg ag gáire, áfach, nuair a chuimhnigh sé cé a bhí ann agus thosaigh sé ag magadh faoi: “An bhfuil tú chun d'ealaíon chomhraic bhréagach a úsáid chun ceacht a mhúineadh dom? Ní oibríonn *karate*. Tosaigh ag dornálaíocht nó ná bí ag samhlú gur féidir leat troid. Truamhéalach.”

Chuir an abairt sin Liam le cuthach agus ar luas lasrach bhuaile sé Tadhg sa cheann lena dhorn dúnta, agus d'ardaigh sé a chos chun é a chiceáil sa bholg, ach ní raibh Tadhg ann. Tar éis an chéad bhuille, thit Tadhg ar an talamh agus bhuaile sé a cheann go trom ar an talamh. Bhí fuil ag teacht as a cheann go tapaidh agus bhí a chairde go léir ag screadach le heagla. Ní raibh Liam ag iarraidh aon rud mar seo. Ní raibh mórán ama aige, bhí air a scileanna paraimhíochaineora a úsáid chun saol an fhir óig seo a shábháil. Nuair a chonaic cairde Thaidhg Liam ag cromadh thairis, rith siad chuige agus tar éis cúpla soicind bhí Liam gan aithne gan urlabhra é féin.

Dhúisigh Liam níos déanaí i leaba ospidéil. Ar feadh cúpla nóiméid, níor chuimhnigh sé cén fáth a raibh sé san ospidéal, ach nuair a tháinig an chuimhne ar ais chuige, léim sé as an leaba agus rith sé go dtí an chéad altra a raibh sé in ann aimsiú. Chuir sé ceist uirthi faoi dhéagóir a tháinig isteach le gearradh mór dáiríre ar a cheann. D'imigh an dreach geal óna haghaidh nuair a d'aithin an t-altra Liam agus dúirt sí leis go raibh na gardaí ag iarraidh labhairt leis. Mhínigh na gardaí dó go bhfuair Tadhg bocht bás agus é san otharcharr ar an mbealach go dtí an t-ospidéal. Chaill sé an iomarca fola agus ní raibh aon duine ann a thuig conas é a shábháil ag tús na tubaiste uafásaí.

Nuair a thosaigh an ceistiúchán,

mhínigh Liam gach rud a tharla an lá sin, agus os comhair na cúirte an tseachtain ina dhiaidh sin, ciontaíodh é i gcion dúnorgaine. Chaith Liam deich mbliana sa phríosún ag smaoineamh ar an lá sin agus ar an gcineál saoil a bheadh aige mura gcaithfí an dorn amháin.

# AN SCÚNC CRÓGA



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE  
EMMA FERGUSON  
(BOId4)

Lá, dubh dorcha agus scamallach a bhí ann. Bhí sé ag cur báistí go trom. Bhí sealgairí san fhoraois agus bhí na hainmhithe ag rith i ngach áit. Bhí eagla ar gach ainmhí. Bhí teaghlach scúnc ag rith ó na sealgairí, ach sa ruaille buaille bhí scúnc beag scoite óna theaghlach.

Bhí na sealgairí ag bailiú timpeall air. Bhí Séamus ag crith le heagla. D'fhéach sé ar dheis, d'fhéach sé ar chlé. Chonaic sé poll sa talamh. Bhí na sealgairí ag teacht níos giorra fós. Shocraigh sé léim síos sa pholl. Shiúil na sealgairí thar an bpoll. Chuala Séamus coiscéimeanna na sealgairí os a chionn. Bhí a chroí ag bualadh go han-tapaidh. Bhí sé ag tarraingt na hanála go trom freisin. Thosaigh sé ag caoineadh. Sa deireadh thit sé ina chodladh sa pholl.

Dhúisigh sé an mhaidin dár gcionn agus chonaic sé trí leanbh broc agus mamaí broc ag stánadh air. Lig sé scread as agus thosaigh sé ag caoineadh arís. Bhí a fhios ag an mamaí broc go raibh eagla ar an scúnc beag bocht.

'Na bí buartha,' a dúirt sí, 'tá tú ceart go leor!'

'Ná gortaigh mé, le do thoil,' arsa an scúnc go himníoch.

'A anam beag bocht. Tá eagla air. Bí deas leis, a leanáí,' arsa Mamaí Broc. 'Cad is ainm duit? Ná bíodh eagla ort. Ní ghortóimid thú.'

'Séamus is ainm dom.'

'Séamus. Ainm deas é sin. Is cuid de mo chlann anois thú.'

Bhraith Séamus go slán sábháilte ansin. Bhuel, ní raibh sé cinnte go raibh sé sábháilte ach bhí a fhios aige go raibh Mamaí Broc deas agus cineálta.

Le himeacht na mblianta, shíl Séamus gur broc a bhí ann. Shíl a dheartháireacha agus a dheirfiúr go raibh sé beagáinín difriúil ach thug siad grá dó mar sin féin. Ní dúirt siad le Séamus go raibh sé difriúil.

Tháinig an lá do Shéamus dul go Scoil na mBroc. Bhí an-áthas air agus é ag tnúth le heolas a fháil ar conas a bheith mar bhroc maith. Níor lig Mamaí

Broc dó dul chuig an scoil an bhliain roimhe sin mar níor shíl sí go raibh sé réidh. Bhí sí an-neirbhíseach nuair a d'fhág sí slán leis. Shiúil Séamus chun na scoile lena dheartháireacha agus a dheirfiúr.

Bhí gach duine ina suí agus réidh le haghaidh an chéad cheacht nuair a shiúil Séamus isteach sa seomra ranga. Bhí gach duine ag stánadh air. Ní raibh Séamus cinnte cén fáth. Thosaigh siad ar fad ag cogarnáil.

'Féach ar a eireaball, nach an-aisteach é sin!'

'Tá sé fós ró-óg chun a bheith ar scoil. Tá sé róbheag!'

Thosaigh aghaidh Shéamuis ag lasadh le náire. Theastaigh uaidh caoineadh ach choinnigh sé siar na deora. Ní raibh an scoil mar a shamhlaigh sé. Bhí díomá air.

Cheap sé go dtabharfadh sé deis eile don scoil an lá dar gcionn. 'B'fhéidir go mbeidh an scoil difriúil amárach,' a cheap sé. Ní raibh, áfach. De réir mar a chuaigh na seachtainí thart, bhí an scoil ag éirí níos measa fós do Shéamus. Níor inis sé seo dá theaghlach. Ní raibh sé ag iarraidh díomá a chur orthu.

Bhí siad ag gáire faoina eireaball dosach, tiubh. Bhí siad ag magadh faoi agus iad ag foghlaim conas an bóthar a thrasnú go sábháilte. Ba bheag nár leagadh Séamus uair amháin. Ní fhéadfadh sé na gluaiasteáin a fheiceáil ag teacht. Níor theastaigh uaidh a admháil nach raibh radharc súl maith aige. Chuir sé seo strus agus brú ar an múinteoir. Ní raibh sé ábalta rith chomh tapa leis na daoine eile. Bhí sé fágtha siar i gcónaí i rith an rang corpoideachais. Agus níos measa fós, bhí sé níos lú ná an chuid eile de na daltaí.

Lá amháin, bhí siad ag foghlaim conas iad féin a chosaint ó shealgairí agus ó ainmhithe eile. Bhí seans ag Séamus a léiriú conas a chosain sé é féin. Bhí an múinteoir mar ainmhí fiáin. Thosaigh Séamus ag déanamh rince greannmhar. Bhí sé thíos ar a lámha agus

bhí a chosa agus a thóin in airde san aer. Ní raibh a fhios ag Séamus cén fáth go raibh sé á dhéanamh seo. Thosaigh gach duine ag gáire faoi. Bhí ionadh ar an múinteoir. Ní fhaca sí aon rud mar seo riamh roimhe. Cheap sí go raibh sé an-dainséarach.

Bhí brón an domhain ar Shéamus. Thosaigh sé ag caoineadh.

'Níl mé go maith ag aon rud!' arsa Séamus. 'Ní féidir liom a bheith i mo bhroc. Tá sé ródheacair. Ní maith liom a bheith difriúil leis na daoine eile. Ba mhaith liom a bheith ábalta na rudaí céanna leosan a dhéanamh. Ba mhaith liom cairde a bheith agam.'

Thug an múinteoir rabhadh do na daltaí. 'Feicfidh mé sibh an mhí seo chugainn. Bígí cúramach. Tá na sealgairí contúirteach. Cuimhnígí ar gach rud a mhúin mé daoibh,' arsa an múinteoir.

Ach iontas na n-iontas, ar an bpointe boise, tháinig na sealgairí. Tháinig siad i ngan fhios dóibh agus bhí ionadh ar gach duine. Bhí siad ag screadáil.

'Rith gach duine! Rith go tapa!' scairt an múinteoir.


Ach, bhí siad gafa. Níorbh fhéidir leo éalú. Thosaigh siad iad féin a chosaint mar a mhúin an múinteoir dóibh. Ní raibh eagla ar an triúr sealgairí áfach.

Tháinig Séamus amach as an slua agus thosaigh sé ag déanamh an rince ghreannmhair. Tháinig a dhúchas chun cinn den chéad uair. Bhí an damhsa tarraingteach do na sealgairí. Nuair a bhí Séamus ag spraeáil orthu, bhí iontas ar gach duine agus ar Shéamus féin. Thosaigh na sealgairí ag screadáil agus rith siad amach as an bhforaois.

Thosaigh gach duine ag ceiliúradh. Shábháil Séamus an lá. Bhí gach duine buíoch de Shéamus agus dúirt siad go raibh an-bhrón orthu. Bhí a lán cairde ag Séamus ansin. Bhí a fhios aige go raibh a lán buanna ag a chairde nach raibh aige, ach bhí a fhios aige chomh maith go raibh buanna aige nach raibh acusan. Ba chuma leis go raibh sé difriúil. Bhí sé sásta leis féin mar a bhí sé.



# Ag insint scéalta don ghealach... agus do pháistí: Rogha an athinsteora



ALT LE  
CAOIMHE NIC LOCHLAINN  
(LÉACHTÓIR, FSG)

Ar nós cuid mhór páistí a léann go craosach, nuair a bhí mé óg ba mhian mo chroí é a bheith i mo scríbhneoir nuair a bheinn i mo “dhuine fásta”. Bhí mé faoi gheasa ag domhan draíochtúil na leabhar agus chaith mé tréimhsí éagsúla i mbun pinn ag iarraidh a bheith i mo C.S. Lewis, nó i m’Enid Blyton, nó i mo Louisa May Alcott. Chaithinn turais fhada sa charr ag insint scéalta ciorclacha nach raibh

deireadh leo do mo dheirfiúr bheag fhadhulangach. Agus chaith mé tréimhse eile agus mé ocht mbliana d’aois ag scríobh dánta seafóideacha faoi mo mhadadh agus mé faoi thionchar shaothar iontach Gabriel Rosenstock. (Níor ghá do Gabriel a bheith buartha fúm mar ba léir nach raibh féith na filíochta ionam—‘Is breá liom Barney thar madadh ar bith eile/Uair amháin rith sé ar shiúl, ach tháinig sé abhaile’—a thiarcais!)

Níos luaithe i mbliana, d’éirigh liom mian mo chroí a bhaint amach nuair a foilsíodh mo chéad saothar do pháistí *Scéalta le hInsint don Ghealach*: ach le fírinne ní thig liom an chreidiúint uilig a ghlacadh as an chnuasach scéalta seo, mar is athinsintí atá iontu ar scéalta traidisiúnta atá ar fáil i gCnuasach Bhéaloidas Éireann. Bhunaigh mé formhór na scéalta ar na cuntais a bhailigh páistí scoile sna 1930í mar sin

is cuid de thraidisiún fada leanúnach é an saothar seo, is é sin, traidisiún na scéalaíochta in Éirinn.

Bhí cúpla ceist romham agus mé ag tabhairt faoin tsaothar seo a chur le chéile: cad iad na scéalta a ndéanfainn athinsint orthu agus cad é mar a inseoinn iad do lucht léitheoireachta comhaimseartha? Shocraigh mé go mbeadh réimse scéalta sa chnuasach

dialóg agus friotal nua-aimseartha. Léigh mé leaganacha éagsúla de roinnt mhaith scéalta agus roghnaigh mé na píosaí is mó a thaitin liom ar mhaithe le mo scéalta féin, agus ar ndóigh, tá saoirse áirithe ag an athinsteoir, mar sin bhain mé úsáid as mo shamhlaíocht féin chomh maith!


Bhí friotal agus íomhánna iontacha sna scéalta bunaidh. Fionn mac

Cumhaill ag cogaint a ordóige ó chraiceann go feoil, ó fheoil go cnámh, ó chnámh go smior agus ó smior go smúsach agus é ag oibriú amach an rud atá ar siúl i mBruíon Chaorthainn; rí atá ag iarraidh go mbeadh scámhóga agus croí an namhad os a chomhair mar dhinnéar nuair a shroichfidh sé an caisleán; troid sa domhan thoir idir beirt fhathach a dhéanann talamh bhog den talamh chrua, agus talamh chrua den talamh bhog agus a tharraingíonn toibreacha fíoruise ó na clocha glasa le racht catha agus comhraic. Níor athraigh mé oiread na fríde sa fhriotal tharraingteach sin!

Sin uilig ráite, bhí gnéithe eile sna bunséalta a d’athraigh mé san athinsint. Ní bhíonn

ina raibh carachtair éagsúla: cailleacha agus fathaigh agus gruagaigh agus sióga, chomh maith leis na Fianna, Cú Chulainn agus Iníon Rí Éireann. Bhí mé ag iarraidh go mbeadh beocht agus fuinneamh sna scéalta, greann agus

mórán gaiscíochta ar siúl ag na mná sna scéalta traidisiúnta, ach ní raibh an banscríbhneoir seo sásta cloí leis an *status quo*. Rinne mé athinsint ar scéal gaiscíochta ina mbíonn Mac Rí Éireann agus complacht fear de ghnáth,



ach i mo scélsa bhí Iníon Rí Éireann agus a bantracht, Tóin Chrua, Súil-le-Gunna, Cos Lúfar agus Cluas-le-hÉisteacht. Is minic a chríochnaíonn scéalta traidisiúnta le bainis. Cé go bhfaigheann Iníon Rí Éireann prionsa mar luach saothair ag deireadh mo scéilse, socraíonn sí gan pósadh ach dul i mbun gaiscíochta ar fud na cruinne. Má bhí an ghráin ag Cú Chulainn ar na mná i scéal amháin a léigh mé, i mo leagansa, bhí Cú Chulainn de shíor ag maíomh as a chuid gaiscí, agus ní raibh sé sásta le bean an ghabha a thug tús áite do na mná ina cuid scéalta. Cé go bpósann Cóitín Luachra (*Cinderella* na Gaeilge) an prionsa i mo leagan féin den scéal idirnáisiúnta sin, tugann sí ide béil dó roimh ré cionn is go bhfuil sé dhíomhaoín agus nach bhfuil a chuid seirbhíseach ag fáil tuarastail chothroim uaidh!

Deacracht amháin a bhí agam ná teideal a roghnú don leabhar: cad é mar a aimseoinn teideal oiriúnach do chnuasach scéalta nach raibh ceangal soiléir eatarthu ó thaobh carachtar agus téamaí de? Bhí *Scéalta Cois Tine* mar theideal sealadach agam, ach bhí mé den bharúil go raibh sé rud beag leamh agus seanaimseartha. Bhí mé ag póirseáil

tríd an fhoclóir lá amháin (is cinnte gur aoibhinn beatha an scoláire!) nuair a tháinig mé ar an nath cainte “inis do scéal don ghealach”, rud a chuireann in iúl go bhfuil tú ag insint scéil atá dochreidte. Fuair an íomhá sin greim ar mo shamhlaíocht agus shocraigh mé an teideal *Scéalta le hInsint don Ghealach* a bhronnadh ar an tsaotar.

Nuair a bhí mo chuidse den obair déanta, bhí mé ag súil go mór leis na profaí a fheiceáil leis na léaráidí leo. Tá mé thar a bheith buíoch den ealaíontóir Olivia Golden a rinne na híomhanna gleoite beoga a chuireann go mór leis na scéalta. Rinne sí éacht i ndáiríre leis na carachtair iontacha, agus go háirithe na dreacha greannmhara, atá cruthaithe aici síos tríd, ag baint úsáide as dathanna spleodracha.

Ar ndóigh, tá an t-alt seo scríofa agam mar dhuine fásta—tá ceisteanna idé-eolaíocha luaite agam maidir le luachanna, friotal agus teachtaireachtaí na scéalta. Ach i ndáiríre, bhí mé ag scríobh don pháiste a bhí ionam fiche bliain ó shin, agus don pháiste atá ionam i gcónaí, atá fós fiosrach faoi scéal dar teideal “An scéal ab fhearr dár insíodh riamh”, atá ag iarraidh a fháil amach cad é mar a tháinig an chéad luch, an



chéad chat agus an chéad bhanbh ar an tsaol in aon scéal amháin, atá meallta ag scéal ina bhfásann Conán Maol go leor olla ar a dhroim gach bliain le péire stocaí a chnótáil do gach uile laoch sna Fianna! Ba é C.S. Lewis a dúirt, “A children’s story that can only be enjoyed by children is not a good children’s story in the slightest.” Tá súil agam, mar sin, go mbainfidh gach sórt páiste sult as na scéalta seo, idir óg agus aosta!

An tuar ceatha.

Ag bun an tuair cheatha,

Bíonn grá agus dóchas ann, le chéile.

Bíonn tú i do  
ag miongháire

shuí ann, gach lá,  
...mar is gnách.

Mo ghrá,

braithim uaim go mór thú

Ar an lá sin, dhorchaigh an spéir os mo chionn.

Ach, ó shin, nuair  
Féachaim sa spéir

a bhíonn uaigneas orm,  
agus beidh tú ann,

Sa tuar ceatha.



DÁN LE  
NADINE NÍ LIATHÁIN  
(MG01)

## An Tuar Ceatha



# An Giorria Gorm



DÁN LE  
JACKIE GORMAN (MAPS2)

Faoi chois céim den teach  
tiomáineann carr geal faoi dheifir.  
Ní fhaca mé ag teacht é,  
ach baineadh croitheadh as an talún.  
Téim síos ar mo ghlúine  
i mo chroí istigh.

An giorria a mhaireann i m'intinn,  
soiprithe ina cóta tiubh agus  
sábháilte ina súile lonracha,  
scaoileann sí saor agus ritheann sí tharam.

Crónaíonn sí, bolaíonn sí mo chorp,  
breathnaíonn sí suas, múnann sí  
agus bogann sí ar aghaidh.

Athbheirthe isteach i m'fhionnadh  
donnrua te agus mo chosa láidre.

Giorria sléibhe, giorria bán,  
giorria Éireannach, giorria gorm,  
anam fuadrach amháin.

Anáil ghiorria, lámh ar na heasnacha  
ag fanacht go socair, cosa in airde trí ghuairneán  
cuilithe de thím chreige, clab chumhra agus aiteann.



# Oíche mhaith, a stór

DÁN LE  
DONNA TRELEAVEN (MGO1)

Tar éis an lae fhada  
tá tú i do luí  
tá an dorchadas ag teacht  
agus táim i mo shuí

Oíche mhaith, a stór, codail go ciúin

Tá an coinneal ag damhsa  
dún do shúile, a ghrá  
táim do do chosaint  
tiocfaidh brionglóid faoin trá

Oíche mhaith, a stór, codail go ciúin

Cloisim na tonnta  
Feicim an spéir  
Tá an ghealach ag lonrú  
Tá an oíche soiléir

Oíche mhaith, a stór, codail go ciúin

Canaim an tsuantraí  
go séimh is go ciúin  
tá na síoga ag canadh  
faoin rud atá i ndán dúinn

Oíche mhaith, a stór, codail go ciúin

Feicfidh mé amárach tú  
dúiseoimid leis an ghrian  
beimid le chéile arís

Grianghraf: Deirbhile Ní Chathail



# Ag Taisteal chuig an Ollscoil



ALT LE  
EMMELINE  
NÍ MHÁILLE (B0id3)

D'fhéadfá a rá go bhfuil an t-ádh orm. Cónaim cóngarach go leor do Bhaile Átha Cliath gur féidir liom fanacht sa bhaile le mo theaghlach. Ní chaithfidh mé ioc as cíos agus ní chaithfidh mé mo dhinnéar féin a dhéanamh chuile oíche tar éis lá fada de léachtaí ollscoile. Tá mo sheomra féin agam le leaba dhúbailte nach gcaithfidh mé a roinnt le héinne. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil buntáiste mór agam a bheith i mo chomaitéir. Ach ní mar a shíltear a bhítear mar a déarfá, agus is iomaí deacracht a bhíonn ag comaitéirí na laethanta seo, dar liomsa ar aon nós:

## 1. Ag dul amach

Rud mór atá difriúil i saol comaitéara ná oícheanta amuigh. Bíonn sé amscáit scaití. Ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an nóiméad deireanach go rachaidh tú amach. Caithfidh chuile rud a bheith pleanáilte roimh ré. I dtús báire, an bhfaighfidh tú an 'nightlink' abhaile nó an socróidh tú fanacht le do chairde? Níos sábháilte fanacht leis na daoine a dtéann tú amach leo cinnte. Go breá, beidh ort ceist a chur orthu (arís—caithfidh go bhfuil siad bréan díot ag fanacht thar oíche faoin tráth seo!). Ok, so anois beidh ort do chuid rudaí go léir a thógáil leat chuig an gcoláiste an lá sin. Smideadh, éadaí, pitseámaí, scuab fiacla... cén fáth nach dtéann siad go léir in aon mhála amháin?! Ok, so trí mhála leat ar an mbus. Níl sé ródhona. Tá cuma an turasóra ort. Iontach. Ach ná déan dearmad an lá dar gcionn, nuair a

bheidh ort iarracht a dhéanamh do thrí mhála a fháil ar an mbus abhaile, agus tú ag súil nach mbuailfidh siad an duine in aice leat an iomarca!

## 2. Daoine ar an mbus

D'fhéadfadh sé a bheith i bhfad níos measa agus níor chóir dom a bheith ag gearán faoi na busanna. Bíonn trí bhus ag dul go BÁC trí huair in aghaidh na huair ó mo cheantar. Rud nach gcuireann daoine san áireamh, áfach, ná nósanna aisteacha na ndaoine a thógann an bus go rialta; cuirim i gcás daoine a shuíonn in aice leat nuair atá go leor spásanna folmha ann. Tharla sé sin dom le déanaí. Ní raibh ach mé féin agus fear amháin eile ar an mbus nuair a tháinig bean air. Bhí mé ag ceapadh go bpiofadh sí suíochán in áit a raibh péire suíochán fágtha, rud a dhéanann an gnáthduine ar an mbus, mar bhí ar a laghad ocht bpéire suíochán folamh. Níor phioc, áfach. Shiúil sí chuig cúl an bhus agus shuigh sí díreach in aice liom. Bhí sí ag stánadh ar mo mhála ar an suíochán in aice liom agus bhí orm é a bhogadh ón gcathaoir agus chuile rud. Aisteach! Ansin, na daoine a labhraíonn go glórach ar an nguthán. Ní duine iontach fiosrach mé, ach ar an mbus, ní féidir leat gan a bheith ag cúlúisteacht i gcomhráite daoine eile mar sin. Shílfeá go bhfuil siad ag iarraidh go gcloisfidh tú. An scannal san obair, céard atá siad chun ordú ón 'takeaway' don dinnéar, daoine a chuireann isteach orthu... Cloiseann tú go léir é!

## 3. Carr

Mar sin, thosaigh mé ag tiomáint le déanaí. Fuair mé mo charr féin agus d'éirigh liom sa scrúdú tiomána. Foirfe! Cheap mé nach mbeadh aon fhadhb agam leis an aistear a thuilleadh. Ní bheadh orm déileáil le strainséirí ar an mbus, ní bheinn fuar is fluich ag siúl chuig an gcoláiste, bheinn teolaí istigh i mo charr féin leis an raidió mar chomhluadar dom féin.

D'fhéadfá a rá go raibh cúpla deacracht agam...

An chéad cheann ná an aimsir. Déanaim dearmad go mbíonn orm an carr a théamh suas ar maidin má tá sioc nó leac oighir ann. Mar sin, nuair a cheapaim go bhfuil mé réidh le fágáil, caithfidh mé fanacht 10 nóiméad go dtí go bhfuil an leac oighir go léir imithe. Uair amháin, nuair a bhí sé thar a bheith fuar ar maidin, chuir mé an 'De-Icer' ar an scáileán. Cheap mé nach raibh sé reoite níos mó agus chuir mé na cuimilteoirí gaothscátha ar siúl chun an scáileán a ghlanadh. Chuaigh siad i bhfostú sa leac oighir agus briseadh ar an bpointe iad. Bhí orm tiomáint sa bháisteach an oíche sin gan iad a bheith ag obair chun iad a fháil deisithe (a chosain 300 euro, go bhfóire Dia orainn!) agus ba é an taithí ba scanrúla a bhí agam le tamall anuas!

Chomh maith leis sin, is deacracht é an trácht i mBaile Átha Cliath. Níor thuig mé cé chomh hóc is a bhí sé go dtí gur thosaigh mé ag tiomáint mé féin. Níl a fhios agam cén chaoi a ndéanann

mo dhaid é lá i ndiaidh lae! Bheadh orm mo theach a fhágáil ag a 7 chun éalú ón trácht. Agus ní thógann sé ach 30 nóiméad dom tiomáint ó dhoras go doras chuig an gcoláiste gan trácht. D'fhéadfá a bheith ar an M50 ar feadh uair an chloig nó 10 nóiméad, ní féidir leat a bheith ag brath air!

Ansin, nuair a shroicheann tú an coláiste, an chéad dúshlán eile ná an pháirceáil. Caithfidh ceadúnas a bheith agat chun páirceáil ag an gcoláiste. Tá sé sin go breá, ach má tá tú ag teacht isteach níos deireanaí ná a hocht ar maidin, ní bheidh spás fágtha duit. Ansin, is féidir 'Pay and Display' a úsáid. Ach ní mhaireann an ticéad ach 3 uair a chloig ar a mhéad. Mar sin, bíonn tú ag rith chuig do charr cúpla uair in aghaidh an lae ag cur airgid isteach sa mheaisín ar thaobhsráid éigin. D'fhéadfá é a fhágáil agus seans nach bhfaighfeá 'clampáilte'. Ach bheinn róbhuartha a leithéid a dhéanamh. Samhlaigh cúpla céad euro a chaitheamh chun clampa a bhaint as do charr! Tá mé ag cur allais ag smaoineamh air.

Faoi dheireadh thiar, nuair a aimsíonn tú spás, anois is é an dúshlán ná an carr a fháil isteach sa spás. Ní thugtar faoi deara cé chomh caol is a bhíonn na diabhair spásanna sin i mBaile Átha Cliath. Agus tá carr beag bídeach agam. Samhlaigh a leithéid le 'jeep'. Go bhfóire Dia orainn! Ní féidir liom riamh páirceáil chomhthreomhar a dhéanamh, agus níl sé ar intinn agam triail a bhaint as. Ansin an cinneadh: an carr a aisiompú nó tiomáint díreach isteach. Pé rud a roghnaíonn tú, bíonn tú buartha go mbuailfidh tú an carr in aice leat i gcónaí.

Ansin, ar deireadh, nuair atá tú suite sa spás, nuair nár bhuail tú aon charr eile, is féidir leat an carr a fhágáil agus osna faoisimh a ligean asat féin. Ach i ndiaidh an struis a thóg 15 nóiméad, tá tú déanach don léacht cheana féin. Iontach.

Cé go mbím ag gearán, tuigim na deacrachtaí a bhaineann le bheith i do chónaí i d'aonar nach gcaithfidh mé a bheith buartha fúthu agus tá mé buíoch as gnéithe ar leith de shaol an chomaitéara. Níor mhaith liom ach go mbeidh ionbhá agat don té a chaithfidh taisteal chuig an gcoláiste ar maidin. Seans láidir go bhfuil siad tuirseach!

Grianghraf: Deirbhile Ní Chathail

# Molaim Duit



DÁN LE  
**MÁIRTÍN MCDONNELL**  
(BA3)

Ná téigh i bhfolach ar do bhrón  
sílim gur leatsa í  
nuair a laghdaíonn laparnach na dtonn  
's éiríonn ceol na gaoithe sollúnta  
tagann sí.

Gan focal a rá  
suíonn sí síos  
a ceann ag luí go trom ar do ghualainn  
's í ag muirniú do choirp mheirtnigh  
téigh ag goill má tá faoiseamh uait.

Tá seanaithne agam uirthi  
is bán mo shúl í  
ag cogaint na círe i ndorchadas na hoíche  
gan cairde ar bith seachas an dríodar os mo chomhair  
iarrann sí orm, 's glacaim léi gan stró.

Fan léi ar feadh scaithimh  
téigh ar staidéar sa suaimehnas binn  
cuir séideog ar a méara  
's roinn bhur gcuimhní cinn  
ní gá duit fulaingt.

Ní gá duit fanacht go deo léi  
ní bheifeá beo ansin  
ná bac lena stánadh folamh 's tú ag fágáil  
níl againn ach ár ndóchas, níl aici ach d'anró,  
ní bheidh tú i bhfad uaithi riamh.



# AISTEAR SOIR

CUNTAS LE  
HELEN HICKSON


“An féidir liom suí anseo,” a d’iarr sé. “Ní féidir,” a d’fhreagair mé. Bhí ar a laghad fiche suíochán folamh ar an mbus agus an fear seo ag iarraidh suí le m’ais. Shleamhnaigh sé tharam agus shuigh díreach in aice liom. Bhíos ar buile. Sheasas agus chuireas in iúl le gníomh agus focail mo chuid feirge. Suas go dtí an suíochán tosaigh liom agus chaitheas mé féin síos sa suíochán. Bhíos neirbhíseach agus trí chéile cheana féin gan bualadh leis an liúdrán seo.

Bhíos anseo san Úcráin chun coicís a chaitheamh ag obair i mainistir. Pidkamin ainm na háite go rabhas ag triail air. Baile tuaithe i ndeisceart na hÚcráine. Bheinn ag obair le grúpa oibríthe deonacha eile ar feadh coicíse ag cabhrú le deisiú agus iarrachtaí cruth a chur ar an mainistir a bhí tamall ina príosún agus anois leath di ag feidhmiú mar ospidéal do dhaoine le meabhairghalar. Bhí triúr manach ann ag déanamh deisiúcháin agus obair tógála chun é a chaomhnú.

Bhíos anois i mo shuí agus thógas amach an Kindle chun an t-am a chaitheamh. Labhair fear óg taobh thiar díom i mBéarla liom, “An bhfuil tusa ag dul chuig an mainistir? Chonaic mé ón Kindle go bhfuil tú ag léamh as Béarla agus cheapas b’fhéidir gur oibrí deonach tú?” Ógfhear ón Spáinn a bhí ann. D’fhreagraíos go rabhas. Bhog sé chun suí in aice liom. Chaitheamar an chuid eile den turas ag labhairt, cé sinn agus cad a cheapamar a bheadh romhainn. Bhí an chéad fhear fós ar an mbus. Cheapas b’fhéidir go raibh sé do mo leanúint. An mbeinn ag bualadh leis na manaigh agus an fear seo taobh liom? Cén saghas mí-áidh a bhí orm bualadh leis ar an gcéad dul síos? Uair imithe, é fós ar an mbus. Ach, cad é seo bhí sé ag seasamh suas. Shiúil sé suas chuig an tiománaí agus labhair sé leis, ansin chas sé timpeall agus ar mhaithe liomsa i mBéarla dúirt sé go raibh sé chun dul

ag bualadh le bean. Is féidir trua agus bá a bheith agat do dhuine gan bualadh leo agus bhí trua agus bá agam don bhean sin. Is léir gur cheap sé go mbeinn in éad léi agus aiféala de shaghas orm toisc a fhógra ach mó léan bhíos sona sásta go raibh sé ag imeacht.

Tamall ina dhiaidh sin cheap mé agus an Spáinneach go rabhamar cóngarach dár gceann scríbe agus labhras leis an tiománaí a dheimhnigh go rabhamar. D’fhág sé sinn ar thaobh an bhóthair. Cúpla teach in aice linn agus radharc againn ar an mainistir suas uainn, ar thalamh ard, cnoc idir sinn agus é. Chonaiceamar rian na gcos, saghas cosán tríd an bpíosa talún seo agus thugamar aghaidh ar ár gceann scríbe. Bhíos cinnte agus mé ag pacáil gur an-smaoineamh an bás seo le rothaí air. Faraor, ní raibh mórán dealraimh leo i bpáirc. Bhí orm mo chás a iompar, ní raibh aon roth chun casadh ar an talamh seo. Tráthnóna brothallach a bhí ann agus sula i bhfad bhíos ag briseadh amach in allas. Rinne an Spáinneach iarracht cabhrú liom agus gach rith babhta thóg sé mo chás dom. Ansin bhí an bheirt againn fliuch le hallas. Leanamar ar aghaidh, an talamh ag ardú, sinne as anáil, agus ansin bhuaileamar le bean mheán-aosta agus bó amháin léi. Labhair sí linn. Ba léir gur chuma léi nach rabhamar ag labhairt ar ais. Faoi dheireadh thóg an Spáinneach amach bileog a seoladh chugainn mar chuid den eolas faoin gcampa. Ceann de na nathanna inti ná “Ní labhraím Úcráinis”. Thaispeáin sé an bhileog don bhean. Chlaon sí a ceann agus dúirt “áááá” amhail is go raibh tuiscint tagtha chuici. D’fhéach an bheirt againn ar a chéile ag aontú ar cé chomh húsáideach is a bhí an bhileog nuair a thosaigh sí arís ar shruth cainte. D’fhéach an Spáinneach orm agus dúirt go mífhoghnach, “Tá ag teip uirthi tuiscint!” Leanamar ar aghaidh agus sinn



Grianghraf: Helen Hickson

ag druidim cóngarach don mhainistir faoin am seo. D’fhágamar slán le bean na bó agus shiúlamar isteach faoi áirse mhór. Bhí séipéal ar chlé, dealbh do Mhuire bheannaithe os ár gcomhair agus fallaí móra timpeall orainn. Ní raibh éinne le feiscint nó fuaim le cloisint. Bhíos tuirseach agus ag smaoineamh an raibh míthuiscint de shaghas éigin ann. An raibh éinne timpeall? Tamaillín ina dhiaidh sin chualamar guthanna. Grúpa ag teacht inár dtreo. Fear chun tosaigh, ard, meangadh air: “Is mise Andreas, ceannaire ar an gcampa seo. Fáilte romhaibh. Bhíomar ag fanacht libh ag an mbóthar chuig an mainistir.” D’fhéach mé féin agus an Spáinneach ar a chéile. Bhí bóthar ann! “Fáilte go dtí an Úcráin!”

Chaitheas coicís sa mhainistir. Bhí na hoibríthe eile ón Rúis, ón Eilvéis, ón

Iodáil, ón Ostair, ón Ungáir agus ón tSlóvaic. Rinneamar réimse oibre ann ach chaitheamar an chuid is mó den am ag tochailt i gclós ag folmhú cré, barra rotha i ndiaidh barra rotha á líonadh agus á iompar ón gclós. Chaitheamar ár laethanta oibre ag caint agus ag éisteacht le ceol. Lá amháin tháingamar



ar struchtúr tógtha as stroighin a bhí i bhfolach roimhe sin. Dúirt na manaigh linn stop a chur leis an tochailt agus gan dul níos giorra dó. In aice leis bhí piléarlann agus roinnt urchar aonair. 'Sé an tuiscint a bhí againne ná gur uaigh de shaghas a bhí ann. Bhí na manaigh tar éis a rá linn go raibh stair fhuilteach ag an áit agus go leor daoine curtha sna tailte mórthimpeall na mainistreach.

B'áit ar leith an mhainistir agus smaoiním uirthi minic go leor. Bhraitheas atmaisféar síochánta ann ach i gcodarsnacht leis sin bhí an méid a chualamar faoi dhaoine a maraíodh agus a bhí curtha ann. Bhí ard-mheas agam ar na manaigh agus iad ag déanamh a ndícheall chun cruth a chur ar an áit. Gach samhradh cuireann siad fáilte roimh oibrithe deonacha ó thíortha ar fud an domhain. Inár slí féin fágaimid rian ar an áit agus fágann an áit a lorg féin orainne.

Ba chuntas é seo ar thionscnamh a rinne mé le VSI san Úcráin. Le blianta anuas caithim coicís ag obair go deonach i dtíortha éagsúla i rith an tsamhraidh. Anuraidh chaith mé mí san Íoslainn agus sna blianta roimhe sin san Iosrael, sa Spáinn, sa Ghearmáin agus sa Bhruach Thiar.

## M'fhathach caoin foighneach féin

An bhfaca tú riamh a leithéid d'fhear agus cé 'tá roghnaithe aige ach mé féin fear chomh hard le cnoc agus bhogfadh sé iad domsa m'fhathach caoin foighneach féin

Tugtar bláthanna áille do na cailíní eile iad daite difriúil go léir ach básóidh siad níos tapúla ná an rud buan agamsa ó m'fhathach féin a sheasann ard sa spéir

Gléasann na mná suas le héadaí is seoda um Nollaig a fuair siad iad ar fad ach faighim bronntanas níos fearr gach uile lá sa bhliain ó m'fhathach caoin foighneach gan stad

Mo chócaire pizza, mo chearpantóir tréitheach mo phluiméir agus níodóir na soithí a éistean le m'fhaitíos agus a choimeádann mé slán m'fhathach láidir ciúin le mo thaobh i gcónaí

Don duine a neartaíonn mé i m'fhathach féin cad a thabharfainn duit, mo stóirín ceansa-chroí taobh thiar d'fhear maith bíonn bean den scoth ag cabhrú leis ach dom féin is é a mhalairt atá fíor

Thabharfainn duit mo ghrá, mo chroí go hiomlán cuimhneoidh mé ar m'ádh is mo bhronntanas gach nóiméad agus seasfaidh mé le do thaobh gach uile lá le m'fhathach caoin foighneach féin.



DÁN LE  
LAUREN WALSH (MGO1)

# Ár Sinsir Romhainn

## An Astráil



SAOTHAR LE  
ÁINE NÍ GHLINN  
SCRÍBHNEOIR AGUS LÉACHTÓIR, FSG

Sliocht as *Fadó Riamh: Ag an Tús*. Cnuasach de scéalta miotaseolaíochta é seo atá curtha in oiriúint d'fhoghlaimoirí Gaeilge ag Áine Ní Ghlinn. Baineann na scéalta sa chnuasach seo le cruthú an domhain. Bronnadh duais Oireachtais ar an gcnuasach seo i 2017 agus déanfaidh *LeabhairCOMHAR* é a fhoilsiú i 2018.

Ag an tús ní raibh ach fiántas folamh, fiántas a raibh na Sinsir ina gcodladh thíos faoi.

Nuair a dhúisigh na Sinsir cuireadh tús le Tréimhse na mBrionglóidí. Le linn na tréimhse seo thosaigh na Sinsir ag siúl tríd an bhfiántas agus iad ag canadh is ag ceol.

Chan siad amhrán na gcrann. Leis sin, thosaigh crainn ag fás ar fud na háite.

Chan siad amhrán na nduilleog agus thosaigh duilleoga áille, glasa ag fás ar na crainn.

Chan siad amhrán an fhéir agus na mbláthanna agus thosaigh féar glas agus bláthanna áille ildaite ag fás.

Chan siad amhrán na gaoithe agus thosaigh an ghaoth ag crónán agus ag siosarnach sna crainn.

Chan siad amhrán na gcnoc agus na sléibhte, amhrán na farraige agus na n-aibhneacha. Leis na hamhráin seo d'athraigh an tírdhreach. Chruthaigh na Sinsir sléibhte is gleannta. Chruthaigh siad aibhneacha glóracha ag rith tríothu.

Chan siad amhrán na scamall is na spéire agus láithreach bonn bhí spéir ghorm le feiceáil os cionn an Domhain agus scamail bhána ar snámh inti.

Lean na Sinsir orthu ag siúl agus áilleacht de gach sórt á cruthú acu lena gcuid ceoil.

Chruthaigh siad cloch is carraig. Chruthaigh siad grian agus gealach.

Chruthaigh siad lá agus oíche. Chruthaigh siad tintreach agus toirneach. Chruthaigh siad an bháisteach agus an bogha báistí. Chruthaigh siad na séasúir agus na stoirmeacha.

Lean siad orthu ag canadh agus ag cruthú.

Níorbh fhada go raibh an Domhan ag cur thar maoil le dathanna an dúlra, le dathanna an cheoil.

Thosaigh na Sinsir ar amhrán nua ansin, amhrán na beatha. Chan siad amhrán na n-éan agus na n-ainmhithe agus líon siad an Domhan le hainmhithe agus le héin de gach sórt. Shéid siad anáil na beatha isteach iontu agus scaip ar fud an Domhain iad.

Ní raibh fágtha ar deireadh ach amhrán amháin eile. Thosaigh na Sinsir i mbun ceoil arís. Bhí an t-amhrán seo níos binne agus níos cumhachtaí ná aon amhrán eile a chuaigh roimhe. Agus iad i mbun ceoil bhailigh na Sinsir clocha agus cré ó thalamh an Domhain. Thosaigh siad ag meascadh agus ag múnlú, ag fuineadh agus ag fáisceadh. Leis an amhrán deireanach seo chruthaigh na Sinsir daoine.

Shéid siad anáil na beatha isteach sna daoine seo. Ansin mhúin siad dóibh conas maireachtáil ar an Domhan. Mhúin siad dóibh conas aire a thabhairt don talamh. Mhúin siad dóibh conas an talamh a bhriseadh agus a threabhadh.

Chan siad amhrán na síolta agus mhúin siad do na daoine conas na síolta a chur agus bia a fhás.

Nuair a bhí an t-eolas sin ar fad ag na daoine tháinig deireadh le ceol na Sinsir. Chuaigh cuid de na Sinsir ar ais ina gcodladh faoin talamh. Chuaigh cuid acu suas in airde i dtreo na spéire agus i dtreo na bhflaitheas.

Tá cuid de na cosáin a shiúil na Sinsir fós le feiceáil ar fud an Domhain. Cosáin an cheoil nó cosáin na n-amhrán a thugtar orthu. Cosáin spioradálta iad agus ó am go chéile, leanann bundúchasaigh na hAstráile cosáin seo an cheoil agus déanann siad ceiliúradh ar Thréimhse na mBrionglóidí.



Grianghraif: Deirbhile Ní Chathail

**FAIGH NA  
SCÉALTA AR FAD**

**TUILLEADH ALT**

**LE LÉAMH AR**

**WWW.SCATHAN.IE**

1977  
////////////////////////////////////  
2018

[WWW.SCATHAN.IE](http://WWW.SCATHAN.IE)

